# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

UACHTARÁN INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

2019-2020





INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO INSTITUTE OF EDUCATION

*Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin







# CLÁR NA nÁBHAR


Réamhrá ........ 04

Rialachas ........ 08

An Fhreagairt Do Covid-19 ........ 18

Tuarascálacha Ceannaireachta ........ 20

Nuashonrú Ar Chláir ........ 30

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ........ 32

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta ........ 34

Comhpháirteachas Agus Comhoibriú Leis An bPobal ........ 38

Tionscadail ........ 42

Saol Na Mac Léinn ........ 46

Na hEalaíona Agus Cultúr ........ 52

Gníomhaíocht Taighde, Maoiniú & Foilseacháin ........ 54

Bronnadh Na gCéimeanna Agus Gradaim ........ 62

# TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH

An tOllamh
Linda Hogan

*Cathaoirleach,*
*Bord Rialaithe IOM*



## I mo réamhrá le tuarascáil na bliana seo caite mhol mé foireann agus mic léinn na hInstitiúide as leanúint lena chinntiú go raibh IOM fós ábhartha agus freagrúil i dtírdhreach oideachasúil dian.

Is beag duine a bheadh in ann a smaoineamh go mbeadh an tírdhreach oideachasúil céanna beagnach do-aitheanta, nó fiú doshamhlaithe, bliain ghairid amháin níos déanaí agus go n-éireodh na héilimh a chuirfí ar sholáthraithe oideachais uile chomh géaraithe sin agus faoina leithéid de bhrú, ach chomh ríthábhachtach fós dár sochaí thar am ar bith eile. Is le freagairt an náisiúin do COVID-19 ó Mhárta sa dara seimeastar a luafar an bhliain acadúil 2019-2020 go deo. Le linn na paindéime taispeánadh go mbíonn ceannaireacht shocair, chomhbhách agus cheannasach de dhíth le linn achrainn agus neamhchinnteacht thromchúiseach.

Maidir leis sin, ar son na gcomhbhall de mo chuid ar Bhord Rialaithe IOM, gabhaim buíochas leis an Dr Teresa O'Doherty agus le baill na Foirne Ceannaireachta dá cuid as an Institiúid a stiúradh in 2019-2020, agus chuir siad uile forléargais leis an tuarascáil seo. I dtréimhse nuair a chuirtear éifeachtacht na straitéise agus na pleanála ar aghaidh ar neamhní, thar oíche beagnach, agus timthriallta géibheannacha de chinnteoireacht cheiste agus athfhreagra curtha ina n-ionad sin, féadtar muinín agus tiomantas a thástáil go géar. Is fianaise iad diongbháilteacht agus freagrúlacht na hInstitiúide le linn an dara seimeastar ar an bhfíric gur coimeádaithe eiseamláireacha na hInstitiúide iad lucht bainistíochta agus foireann IOM agus is fíor-thacadóirí iad maidir lena misean oideachais.

Ba leibhéal ollmhór é an leibhéal iarrachta a chaith baill uile fhoireann IOM sa bhliain acadúil seo - agus tá a fhios agam an t-ualach a bhí ar gach duine i dtéarmaí mhéid an ama, an tiomantais, na tuirse agus an bhrú a d'fhulaing siad chomh maith sin. Cuirim meas agus buíochas an Bhord Rialaithe in iúl do gach duine a bhí rannpháirteach. Rinneadh na hiarrachtaí agus na híobairtí uile sin d'fhonn a chinntiú gur leanadh le hoideachas na mac léinn dár gcuid. Ba cheart go mbeadh a fhios ag na mic léinn dár gcuid go bhfuil an Institiúid bródúil as an dóigh inar fhreagair siad don chiorrú fisiceach ar theagasc agus ar fhoghlaim leis an oiread sin dearfachta agus foighne. Is coláiste oideachais uathúil í IOM in Éirinn sa mhéid go bhfuil dlúthcheangal um idirghníomhú agus comhpháirteachas ar fáil inti idir mic léinn agus an fhoireann. Ó mhí an Mhárta ar aghaidh, nuair nár ligeadh dúinn a bheith le chéile níos mó d'fhonn leas a bhaint as an idirghníomhú sin, bhí an dlúthcheangal sin fós ann idir foireann agus mic léinn IOM.

Agus seo á scríobh tá neamhchinnteacht ann fós ar fud an domhain, agus bheadh sé sothuigthe dá mbeadh an phaindéim ina mórthéama den réamhrá seo. Ach is ardú misnigh é, áfach, chun breathnú siar ar oibríochtaí na hInstitiúide le linn 2019-2020 agus chun léamh faoi na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl in ainneoin na paindéime. Leanadh le tionscnaimh comhpháirteachais agus tacaíochta mac léinn, cuireadh isteach ar thionscadail thaighde agus buadh iad, cuireadh an tionscnamh dearbhaithe cáilíochta is mó i stair na hInstitiúide i gcrích, seachadadh cúrsaí CPD (forbairt ghairmiúil leanúnach) do mhúinteoirí, soláthraíodh ceardlanna do thuismitheoirí, agus chuir mic léinn a gcuid tionscnamh isteach, rinne siad scrúduithe, agus chríochnaigh roinnt acu a gcuid staidéar linne.

Is cinnte gur bhliain acadúil a bhí inti ina raibh dhá sheimeastar an-difriúil. Ba bhliain í freisin nuair a taispeánadh go soiléir go raibh an Institiúid ábhartha agus freagrúil, agus ar ndóigh - agus sárthaispeántas na foirne agus na mac léinn dá cuid le linn tréimhse thromchúiseach á chur san áireamh - beidh sí fós ábhartha agus freagrúil le blianta fada le teacht.

# RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN

An Dr Teresa O'Doherty

*Uachtarán IOM*



## Thar bhliain ar bith eile, cuireadh dúshláin romhainn go léir - foireann agus mic léinn - sa bhliain 2019-2020.

Ba bhliain í nuair a cuireadh stop riachtanach le dul chun cinn i dtreo roinnt de na tosaíochtaí eagraíochta a sainaithníodh ag tús na bliana de rogha ar fhreagairtí láithreacha don phaindéim ó Mhárta i leith. Ba bhliain í nuair a d'fhoghlaimíomar faoinár láidreachtaí agus faoinár leochaileachtaí. Ba bhliain í nuair a d'fhoghlaimíomar faoi mhéid an mheasa atá againn ar a chéile mar chomhghleacaithe, faoi mhéid na tábhachta a chuirimid i leith idirghníomhaithe agus comhpháirteachais le mic léinn, agus faoi mhéid an mheasa agus an spleáchais atá againn ar phobal Marino. Ba bhliain í nuair a bhí ár mbraistint misin agus cuspóra, ár gcoincheap de sheirbhís thiomnaithe, agus ár dtiomantas do bheith inár dtionchar dearfach ar shaolta daoine ina spreagadh anama dúinn trí na cúinsí thar a bheith deacra sin.

Thosaigh an bhliain ar bhonn dearfach agus méadú 7% ann ar líon na mac léinn, agus liostaigh 3,272 mhac léinn cúrsaí IOM mar na roghanna coláiste roghnaithe dá gcuid. Cláraíodh an chéad iontógáil mac léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge, agus iad ag éirí ina gcéad mhic léinn i stair an Stáit a bhí in ann rollú ar chéim oiliúna múinteoirí arna soláthar ina hiomláine trí mheán na Gaeilge. D'aistríomar chuig struchtúr nua sa bhliain acadúil agus roinnt de na cláir fochéime dár gcuid arna seachadadh i bhformáid seimeastair. Rinneamar príomh-cheapacháin foirne i réimsí amhail Comhpháirteachas Mac Léinn, Cosaint Sonraí agus Dearbhú Cáilíochta.

Rinneamar dul chun cinn seasta maidir le pleanáil um fhorbairt an champais agus Plean Straitéiseach 2021-2026 nua a dhréachtú, a bhí i measc ár bpríomh-thosaíochtaí don bhliain. Chuireamar tús freisin le cleachtas dearbhaithe cáilíochta fairsing d'fhonn Creat Dearbhaithe Cáilíochta institiúide nua a chur i bhfeidhm. San iomlán, bhí dul chun cinn an-mhaith déanta sa bhliain. Athraíodh ár dtosaíochtaí agus ár bhfócas láithreach bonn i mí an Mhárta. Ag tús na paindéime, bhí leas ár bhfoirne agus ár mac léinn agus a dteaghlach chun tosaigh mar phríomh-thosaíocht dár gcuid. De réir mar a tháinig treoir amach ón Rialtas maidir le teagasc agus foghlaim ar líne a sholáthar don chuid eile den bhliain, bhí a fhios againn go mbeadh orainn bearta meara ach tomhaiste a ghlacadh, mar aon le bearta uaillmhianacha ach inbhainte amach.

Measann an Institiúid go bhfuil sofhreagrúlacht mar cheann amháin dá bunphrionsabail oibríochtúla; mar gheall air sin agus mar gheall ar thuiscint ghéar ár bhfoirne ar fud na ranna agus na bhfeidhmeanna uile cuireadh ar ár gcumas freagairt a dhéanamh agus atheagrú i dtimpeallacht a bhí ag forbairt go mear agus ag athrú go leanúnach. Rinneamar Coiste Freagrartha COVID-19 tras-institiúide a thionól go gasta chun an t-atheagrú inmheánach a bhainistiú agus chun na bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú gur tugadh tús áite do shábháilteacht, go ndearnadh an t-eispéireas do mhic léinn a choimeád, agus go raibh an casadh go teagasc agus foghlaim ar líne éifeachtach.

Ní féidir liom scála na hiarrachta a bhí de dhíth ón bhfoireann ó Mhárta ar aghaidh chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú a chur in iúl go himleor, agus ní féidir liom cur síos go himleor ar an bhfreagairt ó mo chomhghleacaithe ná meas ceart a thabhairt dóibh, ach is leor le rá go ndeachaigh sé go croí ionam. Beidh mé buíoch go deo de mo chomhghleacaithe as an tiomantas, as an dúthracht agus as an bhflaithiúlacht a thaispeáin siad sa dara seimeastar. Chuireamar leas ár mac léinn agus a ngnóthachtáil acadúil ag croílár ár gcinnteoireachta. Ina seal féin, d'fhreagair ár mic léinn le tuiscint, le solúbthacht agus le dearfacht. Is comhartha de thodhchaí an-dearfach don oideachas in Éirinn a gcarachtar agus a mianach a taispeánadh i mbliana. Tá an-mheas agam orthu - agus ar son fhoireann IOM gabhaim buíochas leo as ucht an mhéid a chuireann siad leis an Institiúid ar bhonn leanúnach. Taispeánadh do bhaill foirne agus do mhic léinn araon le linn na paindéime gur eispéireas ar leith é i dtírdhreach oideachais na hÉireann eispéireas Marino de chomhpháirtíocht agus de chomhpháirteachas idir an dá dhream.

# FÍS, MISEAN & LUACHANNA IOM

## MISEAN & LUACHANNA IOM

Tá oidhreacht bhródúil ag Institiúid Oideachais Marino as bheith ina soláthraí ardoideachais le haghaidh níos mó ná céad bliain. Bunaíodh í in 1905 mar lárionad Oideachas, Taighde agus Teagaisc na mBráithre Críostaí, agus d'éirigh an coláiste ina sholáthraí aitheanta oideachais do mhúinteoirí in 1929. Nuair a tugadh an Baitsiléir Oideachais isteach in 1976, d'éirigh IOM ina Choláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide. Tháinig rath ar an gcaidreamh sin thar na blianta, agus in 2011 chuaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le Cúige Eorpach na mBráithre Críostaí le bheith ina gcomh-iontaobhaithe Institiúid Oideachais Marino.



# MISEAN

## Tá sé luaite i Misean Institiúid Oideachais Marino:

Agus é spreagtha ag fís na Críostaíochta, pobal teagaisc agus foghlama is ea IOM atá tiomanta do chuimsiú, do cháilíocht agus do bharr feabhas san oideachas a chur chun cinn. Tá dínit agus acmhainn gach duine lárnach dár saol, dár n-obair agus dár seirbhís.



# FÍS

## Is í ár bhfís fhadtéarma do IOM:

Beidh IOM ina lárionad lena mbainfidh iarmhairt dhomhanda, i dteagasc agus i dtaighde sa réimse oideachais.

Trí chomhoibriú agus trí theicneolaíocht, leathnóimid ár dteorainneacha geografacha agus cruthóimid móiminteam le haghaidh soláthar clár nua, ardchaighdeáin, nuálach san oideachas. Cruthóimid mais chriticiúil le haghaidh taighde den chéad scoth i gcomhpháirtíocht le dreamanna eile, agus cothóimid naisc ollscoile-scoile-pobail a chuirfidh le feabhas agus athnuachan inbhuanaithe sa chóras oideachais ar fad.

Leathnóimid ár dtiomantas agus ár saineolas sa réimse um ionchuimsitheacht trí leanúint le taighde a dhéanamh agus cláir oideachais a sholáthar chun daoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a chumhachtú.

Stiúrfaimid idirphlé náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le hiolrachas agus le héagsúlacht i suíomhanna oideachais.

# RIALACHAS

## Eagrúchán & Rialachas

Bunaíodh Institiúid Oideachais Marino mar Iontaobhas Carthanachta le Gníomhas dar dáta Deireadh Fómhair 1991. Tá sí cláraithe leis an Údarás Rialála Carthanas (uimh.20054786) agus tá sé aitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil stádas carthanachta aici (CHY 15693). Is iad iontaobhaithe na hInstitiúide beirt ainmnithe d'Fhoireann Ceannaireachta Chúige Eorpach na mBráithre Críostaí, agus beirt ainmnithe de Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus don tréimhse faoi athbhreithniú, ba iad sin:

| | |
|---|---|
| An Br Michael Murray, | An Br John Burke |
| An tUasal Michael Gleeson | An tOllamh Paula Murphy, Cláraitheoir Choláiste na Tríonóide |

Oibríonn Comhlacht Bord Rialaithe IOM faoi Ionstraim Rialachais, agus rinneadh an t-athbhreithniú is deireanaí uirthi i Meitheamh 2016. Cuirtear de chúram ar an mBord Rialaithe gnóthaí uile na hInstitiúide a rialú agus a stiúradh i gcomhréir le rún na nIontaobhaithe, arna léiriú sna seacht dTreoirphrionsabal:

**1** Chun a bheith éacúiméineach agus meas a thabhairt do phobail chreidimh uile

**2** Chun gné láidir um oiliúint múinteoirí a sholáthar

**3** Chun a bheith tacúil do mhisean an oideachais Chaitlicigh tríd an éiteas dá chuid a chur in iúl agus trí shamhlacha a mholadh chun é a chur i bhfeidhm

**4** Cláir oideachais a sholáthar chun daoine bochta agus faoi mhíbhuntáiste a spreagadh agus a chumasú

**5** Chun pobal foghlama a fhorbairt atá dírithe ar an duine, a bhfuil meas aige do dhifríochtaí aonair agus ar a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste

**6** Chun cuidiú le tuismitheoirí freagrachtaí a róil mar oideoirí a chomhlíonadh

**7** Chun meas a thabhairt d'iarrthóirí na fírinne uile agus a gceart a chosaint ar eolas nua a aimsiú cibé toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin

## An Bord Rialaithe

Leis an Ionstraim Rialachais (2016) déantar foráil do cheapadh Bord Rialaithe chun údarás na nIontaobhaithe laistigh den Institiúid a chomhlíonadh. I measc fhreagrachtaí an Bhoird Rialaithe tá córas á chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar oideachas, ar oiliúint, ar thaighde, agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara na hInstitiúide, agus chun a cáilíocht a chinntiú. Is í príomhfheidhm an Bhoird Rialaithe an treo straitéiseach a shocrú agus gnóthaí na hInstitiúide a rialú agus a stiúradh i gcomhréir le rúin na nIontaobhaithe, faoi mar a chuirtear in iúl sna Treoirphrionsabail. Tagann Is í príomhfheidhm an Bhoird Rialaithe le chéile sé huaire in aghaidh na bliana acadúla.

## Ballraíocht an Bhoird Rialaithe 2019-20

An tOllamh Linda Hogan, Cathaoirleach

Anne McElduff, ainmní na nIontaobhaithe

An Br Declan Power, ainmní na nIontaobhaithe

Bride Rosney, ainmní na nIontaobhaithe

Karen Herbert, ainmní na nIontaobhaithe

An tOllamh Lorna Carson, ainmní na nIontaobhaithe

Maria Kernan, ainmní na nIontaobhaithe

Martin Lynch, ionadaí tofa na foirne

Michael Ryan, ainmní na nIontaobhaithe

An tOllamh Jürgen Barkhoff, ainmní na nIontaobhaithe

An Dr Rory McDaid, ionadaí tofa na foirne

An Dr. Seán Delaney, ionadaí tofa na foirne

An tOllamh Declan O'Sullivan, ainmní na nIontaobhaithe

Orla Birmingham, ionadaí Aontas Mac Léinn IOM

An Dr Teresa O'Doherty, Uachtarán IOM, agus Craig Larner, Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla, a fhreastalaíonn, ex officio, ar chruinnithe an Bhoird Rialaithe.

**Tháinig an Bord Rialaithe le chéile ar na hócáidí a leanas:**

3 Deireadh Fómhair 2019

28 Samhain 2019

6 Feabhra 2020

26 Márta 2020 (ar Zoom)

28 Bealtaine 2020 (ar Zoom)

25 Meitheamh 2020 (ar Zoom)

## Táillí agus Costais an Bhoird Rialaithe

Is é beartas na hInstitiúide go bhféadfaí cúiteamh a thabhairt do chomhaltaí neamhfhoirne an Bhoird Rialaithe as costais ar bith a thabhaítear i seirbhís na hInstitiúide. Ba é €154 iomlán na speansas sin sa bhliain. Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird Rialaithe luach saothair ar bith as a gcuid seirbhísí mar chomhaltaí an Bhoird Rialaithe.



# RIALACHAS

## Tosaíochtaí 2019-20

Aithníodh na nithe a leanas mar thosaíochtaí don bhliain acadúil:

| TOSAÍOCHT | BEARTA |
|---|---|
| **Na struchtúir athbhreithnithe a chur i bhfeidhm a sainaithníodh mar thoradh ar an Athbhreithniú Eagraíochta a rinneadh in 2018-19.** | Mar thoradh ar an athbhreithniú eagraíochta, rinneadh na téarmaí tagartha don Chomhairle Acadúil a shainmhíniú as an nua agus leathnaíodh a ballraíocht. Bunaíodh boird chúrsa do gach clár acadúil. Bunaíodh an Oifig Oideachais mar mhol riaracháin suntasach don Institiúid, agus bunaíodh an Fhoireann Cheannaireachta athchumraithe agus Coistí Cheannairí na Ranna. Cuireadh oiliúint i gceannaireacht ar fáil do cheannasaithe na ranna uile. |
| **Athbhreithniú Cáilíochta um 'Sholáthraí Nasctha' de chuid Choláiste na Tríonóide a chur i gcrích i gcomhréir leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.** | D'fhostaigh an Institiúid Mazars chun tacú le hullmhú na haighneachta sin. Bunaíodh Oifig Dearbhaithe Cáilíochta agus ceapadh Oifigeach Dearbhaithe Cáilíochta. Dearadh Creat Dearbhaithe Cáilíochta nua don Institiúid agus cuireadh i bhfeidhm é. Thug an Institiúid faoina cuid ceanglas faoin Acht. |
| **Leas a bhaint as comhpháirteachas inmheánach chun fís chomhchoiteann agus cur chuige comhchoiteann a fhorbairt d'fhonn dréachtú Phlean Straitéiseach 2021-2026 a threorú.** | Chuir an Institiúid tús le sceideal forbartha maidir le comhpháirteachas inmheánach na foirne. Rinneadh Coiste Foirne um Pleanáil Straitéiseach a thionól chun cumarsáid leis an bhfoireann agus a comhpháirteachas le próiseas foriomlán na pleanála straitéisí a bhainistiú. Seachadadh lá pleanála leis an bhfoireann iomlán. Cuireadh creat um Próiseas Pleanála Straitéisí i láthair na foirne agus rinneadh sraith de cheardlanna comhairliúcháin inmheánaigh a sceidealú. |
| **An Féilire Acadúil a athbhreithniú chun a chinntiú gur féidir gach clár a sheachadadh ar bhonn seimeastair ó Mheán Fómhair 2020 i leith.** | Rinneadh sraith de cheardlanna leis an bhFoireann Cheannaireachta - Ceannairí na Ranna a thionól chun cur ar bhonn seimeastair chláir na hInstitiúide a phleanáil agus chur i bhfeidhm. |
| **Tiomantas na hInstitiúide do chomhionannas agus don éagsúlacht a threisiú trí idirghabhálacha fócasaithe.** | I Mí na Bealtaine 2019 chuir an Institiúid iarratas rathúil isteach ar an gCiste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha AE, agus maoiniú á aimsiú chun leanúint leis an Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha le haghaidh trí bliana breise. Fuair an tionscadal Tobar maoiniú suntasach as Iontaobhas IOM chun tacú lena chuid oibre. |
| **An Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an champais mar thaca leis an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge.** | Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim Ghaeilge na hInstitiúide, agus tháinig sí i bhfeidhm i Meán Fómhair 2019. Seachadadh seachtain feasachta na Gaeilge. Cuireadh scéim chónaitheachta na Gaeilge ar fail trí bhloc tiomnaithe Gaeilge ar choimpléasc cóiríochta ar láithreán IOM do mhic léinn. |

| TOSAÍOCHT | BEARTA |
|---|---|
| **Oiliúint agus comhlíonadh a fheabhsú maidir le Cumhdach Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, Dínit agus Meas, RGCS agus beartais um Chosaint Sonraí.** | Cheap an Institiúid Oifigeach um Chosaint Sonraí agus Oifigeach Rochtana. Cuireadh ceardlanna Oiliúna um Thoiliú Gnéis ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn. Cuireadh Oiliúint um Chéad Fhreagróir ar fáil do bhaill na foirne. Choinnigh Foireann Sláinte & Sábháilteachta na hInstitiúide seirbhísí comhairleachta speisialtóireachta chun tacú le cur i bhfeidhm nósanna imeachta agus chun iad a fheabhsú le haghaidh rioscaí a mheasúnú, a bhainistiú agus a thaifeadadh sa réimse sin. Lean Teagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe na hInstitiúide chun a chinntiú gur chríochnaigh baill foirne agus mic léinn clár ríomh-fhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid Tusla. |
| **Acmhainní a mhéadú chun comhpháirteachas feabhsaithe mac léinn agus chun tacú le heispéireas na mac léinn.** | Ceapadh Oifigeach um Chomhpháirteachas Mac Léinn agus Oifigeach Rochtana. Ceapadh ball foirne IOM don Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Chomhpháirteachas Mac Léinn. Eagraíodh tráthnónta bronnta gradam chun gnóthachtálacha mac léinn ar fud raon de ghníomhaíochtaí a cheiliúradh, agus chun bronnadh scoláireachtaí Rialtas na hÉireann a cheiliúradh freisin. |
| **Pleanáil um eastáit agus foirgnimh a thionscnamh.** | Choinnigh an Institiúid seirbhísí cuideachta forbartha tionscadal chun comhairle a sholáthar di maidir le forbairt ar an láithreán. Rinneadh Iniúchadh ar Inrochtaineacht agus forbraíodh plean gníomhaíochta chun a chinntiú go bhfeabhsaíonn an Institiúid inrochtaineacht na bhfoirgneamh uile dá cuid. |
| **Cláir na hInstitiúide a mhargú chun infheictheacht ar an tírdhreach oideachasúil a mhéadú.** | Lean an tOifigeach For-rochtana don B.Oid le cuairteanna a thabhairt ar scoileanna agus chun teagmháil a dhéanamh trí na meáin d'fhonn an Institiúid a chur chun cinn. Méadaíodh teagmháil IOM trí na meáin shóisialta agus rinneadh ionadaíocht do IOM ag aontaí gairmeacha náisiúnta iomadúla. Bunaíodh fiche scoláireacht iontrála nua. |
| **Líon na mac léinn a mhéadú.** | Méadaíodh líon na mac léinn de chuid na hInstitiúide faoi 7% in 2019/2020. |
| **Naisc idirnáisiúnta agus deiseanna malartaithe foirne/ mac léinn a shíneadh.** | D'éirigh leis an Institiúid in iniúchadh HEA ar a clár soghluaisteachta Erasmus+. Chuir an Institiúid iarratas isteach ar athnuachan na Cairte Erasmus dá cuid go dtí 2025. Leathnaigh an Institiúid a comhpháirteachas le hInstitiúidí Ardoideachais san Ostair, sa Danmhairg, sa Laitvia, sa Ghearmáin, sa Spáinn agus san Fhionlainn. |
| **Páirt a ghlacadh i dtairiscintí taighde idirnáisiúnta atá ábhartha do mhisean agus d'fhís na hInstitiúide.** | Bhí an Institiúid rathúil maidir le trí thairiscint taighde náisiúnta a bhuachan. Bhí an fhoireann ina páirtí freisin ag institiúidí a chuir dhá iarratas rathúla isteach ar H2020. Tionscadail Erasmus+ reatha a chur i gcrích agus dhá thionscadal nua arna n-aimsiú. Infheictheacht mhéadaithe na foirne ag comhdhálacha náisiúnta. |

# RIALACHAS

## An Coiste Airgeadais

**Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ar na dátaí a leanas:**

- 4 Samhain, 2019
- 20 Eanáir, 2020
- 9 Márta, 2020
- 18 Bealtaine, 2020, arna thionól ar Zoom
- 15 Meitheamh, 2020, arna thionól ar Zoom

**Bhí ballraíocht an Choiste don tréimhse faoi athbhreithniú comhdhéanta de na daoine a leanas:**

- Michael Ryan (Cathaoirleach), ainmní an Chomhlachta Rialaithe
- Karen Herbert, ainmní An Bhoird Rialaithe
- An Dr Teresa O'Doherty, Uachtarán
- Craig Larner, Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla

## Nuashonrú Airgeadais

| | 2017/18 | 2018/19 | 2019/20 (RÉAMHAISNÉIS) |
|---|---|---|---|
| **Ioncam Iomlán (€'000s)** | 11,730 | 14,459 | 13,946 |
| **Líonta na Mac Léinn** | 849 | 1058 | 1,129 |



## Príomh-Úsáid Chumhachta

Tá Institiúid Oideachais Marino thar a bheith comhfhiosach faoina feidhmíocht i leith an chomhshaoil agus bhí obair sheasmhach á déanamh aici le blianta beaga anuas chun an t-ídiú fuinnimh dá cuid agus ar deireadh thiar na hastaíochtaí $CO_2$ dá cuid a laghdú. In ainneoin méadaithe de níos mó ná 30% i líon na mac léinn ó 2016, ní dhearnadh úsáid fuinnimh a mhéadú ach faoi 16%. Bhí laghdú seasmhach ann maidir le húsáid fuinnimh in aghaidh an mhic léinn, mar aon le laghdú suntasach ar astaíochtaí $CO_2$. De réir mar atá léirithe sa tábla thíos, lena sonraítear úsáid fuinnimh i spásanna teagaisc agus foghlama na hInstitiúide, laghdaíodh na hastaíochtaí $CO_2$ in aghaidh an mhic léinn go suntasach sna sé bliana ó 2014 go 2019. Léirítear leis sin na feabhsuithe ar úsáid fuinnimh dár gcuid ar an gCampas. Ba thoradh é sin ar infheistíocht i gclár éifeachtúlachta fuinnimh suntasach le Veolia le cúnamh deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Léirítear leis freisin na héifeachtúlachtaí in aghaidh an mhic léinn mar gheall ar an méadú ar líon na mac léinn atá ag freastal ar IOM. Ríomhaimid astaíochtaí $CO_2$ trí mhodheolaíocht tuairiscithe carbóin Ghnó sa Phobal (BITC) le haghaidh gáis agus leictreachais a úsáid. De réir mar a ghintear níos mó foinsí in-athnuaite in Éirinn, tá an leictreachas ar an gcóras tarchurtha ag éirí níos glaine bliain ar bhliain, agus mar gheall air sin tá an fachtóir um astaíochtaí carbóin ag laghdú, rud a chuireann leis an laghdú sin ar astaíochtaí $CO_2$.

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | Ídiú Gáis (kWh) | Ídiú Gáis (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Ídiú Leictreachais | Ídiú Leictreachais (kWh) in Aghaidh an Mhic Léinn | Astaíochtaí $CO_2$ (Tonaí) | Astaíochtaí $CO_2$ (Tonaí) in Aghaidh an Mhic Léinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bonnbhliain 2014 | 1,955,460 | 2,566 | 779,623 | 1,023 | 650 | 0.85 |
| 2015 | 1,316,864 | 1,577 | 650,722 | 779 | 499 | 0.59 |
| 2016 | 1,413,215 | 1,692 | 643,534 | 770 | 496 | 0.59 |
| 2017 | 1,561,179 | 1,838 | 604,208 | 711 | 484 | 0.57 |
| 2018 | 1,748,938 | 1,642 | 575,972 | 540 | 489 | 0.46 |
| 2019 | 1,816,864 | 1,590 | 584,733 | 512 | 483 | 0.42 |

## Coiste Iniúchóireachta

**Tá ballraíocht an Choiste Iniúchóireachta comhdhéanta de na daoine a leanas:**

- Jim Bradley, Cathaoirleach, ainmnithe ag an gComhlacht Rialaithe
- Karen Herbert, ionadaí an Chomhlachta Rialaithe
- Anne McElduff, ionadaí an Chomhlachta Rialaithe
- An Dr Teresa O'Doherty, Uachtarán
- Craig Larner, Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla

**Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar na dátaí a leanas:**

- 28 Samhain 2019
- 6 Feabhra 2020

# RIALACHAS

## An Chomhairle Acadúil

Bhuail Comhairle Acadúil leathnaithe, a raibh téarmaí tagartha nua ina leith comhaontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2019, le chéile cúig huaire le linn 2019-2020. Don tréimhse faoi athbhreithniú, bhí an Chomhairle Acadúil comhdhéanta de na baill a leanas:

- An Dr Teresa O'Doherty (Cathaoirleach)
- An Dr Seán Delaney, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla
- Brid Rosney, ainmní an Chomhlachta Rialaithe
- An tOllamh Lorna Carson, ainmní an Chomhlachta Rialaithe
- Amy Rafferty, ainmní Aontas Mac Léinn IOM
- An Dr Michael Flannery, Ceann Roinne agus ceannaire cúrsa an Bhaitsiléara Eolaíochta in Oideachas na Luathóige
- An Dr Anne Ryan, Ceann Roinne
- An Dr Rory McDaid, Ceann Roinne agus ceannaire cúrsa do chláir na Máistreachta i Léann an Oideachais
- An Dr Alison Egan, Stiúrthóir Seirbhísí TF
- Genevieve Larkin, Stiúrthóir Seirbhísí Leabharlainne
- An Dr Karin Bacon, ionadaí tofa na foirne
- An Dr Gene Mehigan, Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach
- An Dr Joan Kiely, Déan, Scoil an Oideachais: Curaclam agus Óige, ceannaire cúrsa don B.Oid.
- An Dr Sandra Austin, ionadaí tofa na foirne
- An Dr Barbara O'Toole, Ceann Roinne agus ceannaire cúrsa do chláir na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas
- An Dr Jennifer O'Sullivan, ionadaí tofa na foirne
- Aodán Mac Suibhne, Ceann Roinne agus Comhordaitheoir an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge
- An Dr Julie Uí Choistealbha, Déan, Scoil an Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí, ceannaire cúrsa don Bhaitsiléir Eolaíochta i Léann an Oideachais
- Áine Murray, ionadaí Aontas Mac Léinn IOM
- Clíona O'Connor, ionadaí Aontas Mac Léinn IOM
- An Dr Denis Robinson, ceannaire cúrsa don MES i gCeannaireacht Chríosta[i]

**Bhuail an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí a leanas:**

- 21 Deireadh Fómhair 2019
- 20 Eanáir 2020
- 2 Márta 2020
- 27 Aibreán 2020 (arna thionól ar Zoom)
- 27 Bealtaine 2020 (arna thionól ar Zoom)



## An Fhoireann Cheannaireachta

Tugann An Fhoireann Cheannaireachta comhairle don Uachtarán maidir le gníomhaíochtaí laethúla IOM. Sa cháil sin, déanann An Fhoireann Cheannaireachta maoirseacht ar dhearbhú cáilíochta, agus cuireann sí beartais agus straitéisí i bhfeidhm arna nglacadh ag an gComhlacht Rialaithe. Pléann An Fhoireann Cheannaireachta le gnóthaí oibríochtúla uile a théann i bhfeidhm ar an Institiúid. Déanann An Fhoireann Cheannaireachta moltaí maidir le straitéisí a sheachadadh agus pleananna a choimisiúnú agus déanann sí cinntí laethúla maidir le bainistíocht feidhmíochta agus bainistíocht riosca d'fhonn dearbhú láidir a sholáthar don Chomhlacht Rialaithe. Bhuail an Fhoireann Cheannaireachta le chéile 25 huaire le linn 2019-2020 ar na dátaí a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 26 Lúnasa 2019 | 19 Samhain 2019 | 11 Márta 2020 | 3 Meitheamh 2020 |
| 11 Meán Fómhair 2019 | 9 Nollaig 2019 | 30 Márta 2020 | 17 Meitheamh 2020 |
| 25 Meán Fómhair 2019 | 13 Nollaig 2019 | 7 Aibreán 2020 | 2 Iúil 2020 |
| 9 Deireadh Fómhair 2019 | 8 Eanáir 2020 | 21 Aibreán 2020 | 10 Iúil 2020 |
| 21 Deireadh Fómhair 2019 | 27 Eanáir 2020 | 29 Aibreán 2020 | |
| 6 Samhain 2019 | 12 Feabhra 2020 | 14 Bealtaine 2020 | |
| 12 Samhain 2019 | 24 Feabhra 2020 | 20 Bealtaine 2020 | |

Rinneadh gach cruinniú ón 30 Márta i leith a thionól ar Zoom.

## Comhdhéanamh na Foirne Ceannaireachta

**Tá an Fhoireann Cheannaireachta comhdhéanta de na daoine a leanas:**

An Dr Teresa O'Doherty, Uachtarán IOM (Cathaoirleach)

An Dr Seán Delaney, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla

An Dr Gene Mehigan, Leas-Uachtarán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach

Craig Larner, Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla

An Dr Joan Kiely, Déan an Oideachais: Curaclam agus Óige

An Dr Julie Uí Choistealbha, Déan an Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí

# RIALACHAS

## Dearbhú Cáilíochta

In 2019-2020, chuir IOM cleachtas dearbhaithe cáilíochta fairsing chun feidhme d'fhonn Creat Dearbhaithe Cáilíochta institiúide nua a chur i bhfeidhm. Leis an obair sin cuireadh béim ar thiomantas na hInstitiúide chun cáilíocht agus barr feabhais in oideachas a chur chun cinn, mar sholáthraí nasctha agus mar Choláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus cuireadh taca faoi chuspóir na hInstitiúide d'fheabhsú leanúnach a bhaint amach trí mhachnamh follasach agus criticiúil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí uile dá cuid. Sonraítear freagrachtaí na hInstitiúide maidir le dearbhú cáilíochta san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Éilítear le hAlt 33(1) den Acht "go gcuirfidh soláthraí nasctha dréacht de na nósanna imeachta beartaithe faoi bhráid an chomhlachta dámhachtana ainmnithe ábhartha lena bhfaomhadh". I gcomhréir leis an Acht, bhí IOM rannpháirteach in athbhreithniú cáilíochta dhian ar na beartais agus nósanna imeachta dá cuid arna fheidhmiú ag Coláiste na Tríonóide in 2019-2020. Chun an próiseas athbhreithnithe sin a bhainistiú, bhunaigh IOM Grúpa Oibre um Cháilíocht chun feabhsú na mbeartas agus na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta san Institiúid a mhaoirsiú agus a threorú. Rinne an Grúpa Oibre um Cháilíocht, le tacaíocht ó Mazars, athbhreithniú ar níos mó ná 140 beartas, nós imeachta agus doiciméad a bhain le cáilíocht, agus bhunaigh sé Creat Dearbhaithe Cáilíochta tiomnaithe chun tiomantas na hInstitiúide do dhearbhú cáilíochta a bhainistiú.

Mhol an Grúpa Oibre um Cháilíocht go gcuirfí Coiste Cáilíochta don Institiúid ar bun agus chuir sé sin i bhfeidhm ina dhiaidh sin agus cheap sé Oifigeach Cáilíochta ag a bhfuil freagracht as reáchtáil laethúil Oifig Dearbhaithe Cáilíochta IOM. D'fhorbair an tOifigeach Cáilíochta fardal lena gcumhdaítear beartais agus nósanna imeachta uile IOM agus is féidir é a rochtain ar láithreán gréasáin IOM, agus acmhainn láraithe um dhearbhú cáilíochta arna soláthar do mhic léinn, don fhoireann agus do pháirtithe leasmhara gaolmhara phobal IOM.

**Rinneadh na próisis seo a leanas um dhearbhú cáilíochta:**

### Athbhreithniú Bhord an Údaráis Cáilíochtaí (QAB) ar an mBaitsiléir Eolaíochta san Oideachas Luathóige

San earrach 2020 rinne Bord an Údaráis Cáilíochtaí (QAB) athbhreithniú ar an mBaitsiléir Eolaíochta san Oideachas Luathóige faoin Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Is é a bhí i gceist leis sin féin-mheasúnú cuimsitheach ó IOM chun tabhairt faoin dóigh inar chomhlíon an clár na critéir atá leagtha amach ag QAB chomh maith le hathbhreithniú ina dhiaidh sin ag coiste um Chritéir agus Treoirlínte maidir le Gradaim Ghairmiúla laistigh de ROS. D'éirigh leis an gclár agus tugadh aitheantas dó i mí Bealtaine 2020.

### Athbhreithniú Seachtrach ar an BEol sa Léann Oideachais

Mar thoradh ar an athbhreithniú seachtrach ar chlár an B.Sc. sa Léann Oideachais in 2019, cuireadh moltaí uile na foirne piarmheasúnaithe sheachtraigh i bhfeidhm agus rinneadh iad a leabú i soláthar clár in 2019-2020. Áiríodh leo sin dhá thoradh foghlama a chur leis, an t-ábhar a struchtúrú faoi ocht dtéama, agus creidmheasanna ECTS a sholáthar do shocrúcháin i suíomhanna oideachais arna nglacadh ag mic léinn. Leis na torthaí agus moltaí ón athbhreithniú sin rinneadh gnéithe uile sheachadadh an churaclaim a threorú agus a threisiú, ag cinntiú go dtéann an clár ó neart go neart.

### Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide

Rinneadh Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide le linn na bliana acadúla 2019-2020. Mar gheall ar an bpaindéim, rinneadh an t-athbhreithniú cláir ar bhonn fíorúil, lenar áiríodh lá amháin iomlán de chruinnithe fíorúla le páirtithe leasmhara éagsúla. Fuarthas aiseolas dearfach ar an gclár ó phainéal an phiarmheasúnaithe sheachtraigh maidir leis na nithe a leanas: an comhthéacs straitéiseach; pleanáil

agus bainistíocht; ábhar agus struchtúr an chláir; teagasc agus cleachtas arna dtreorú ag taighde; monatóireacht agus aiseolas; eispéireas na foirne agus na mac léinn; agus acmhainní agus saoráidí. Ar aon dul leis na téarmaí tagartha a comhaontaíodh don Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam, áiríodh leis an bpróiseas fócasghrúpaí le mic léinn, leis an bhfoireann, le fostóirí, le céimithe agus le soláthraithe socrúchán mar aon le taispeántais d'obair na mac léinn. Tá forbairt plean feidhmithe bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe ar siúl.

## Cumhdach

Is é an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) do IOM ná an Dr Julie Uí Choistealbha. Is é an tUasal Ciarán Fogarty an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe. Tá oiliúint i gcumhdach ina cuid de na seisiúin ionduchtúcháin do bhaill foirne nua uile. Déanann an Garda Síochána Grinnfhiosrúchán ar an bhfoireann uile agus iarrtar orthu clár ríomhfhoghlama Tús Áite do Leanaí de chuid Tusla a chomhlánú. Faigheann mic léinn ionchur maidir le cúrsaí cumhdaigh le linn na léachtaí um ullmhúchán dá socrúcháin. Déanann an Garda Síochána Grinnfhiosrúchán orthu freisin agus comhlánaíonn siad clár ríomhfhoghlama Tusla roimh an socrúchán.

## An Oifig um Chosaint Sonraí

I Mí na Nollag 2019 ceapadh Oifigeach ainmnithe um Chosaint Sonraí (DPO) chun cuidiú le monatóireacht ar chomhlíonadh inmheánach an RGCS, chun comhairle agus treoir a sholáthar maidir le hathbhreithniú agus forbairt beartais, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheasacht agus ar oiliúint maidir le cosaint sonraí, agus chun tacaíocht agus comhairle a sheachadadh maidir le dlíthe agus ceanglais um chosaint sonraí. Cuireadh tús le clár cuimsitheach um Chosaint Sonraí, arna fhaomhadh ag an gComhlacht Rialaithe, ar fud IOM chun cultúr feasachta agus comhlíonta a chur chun cinn maidir le Cosaint Sonraí/RGCS. Tuairiscíonn an tOifigeach um Chosaint Sonraí (DPO) go díreach d'Uachtarán IOM agus bhí sé rannpháirteach in uas-oiliúint na Seaimpíní Sonraí laistigh de gach rannóg agus i bhfeidhmiú céimneach na modúl ríomhfhoghlama do bhaill foirne uile.

## Scéim Teanga Institiúid Oideachais Marino - Scéim Teanga Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003)

Tháinig Scéim Teanga Institiúid Oideachais Marino (ceadaithe ag Oifig an Choimisinéara Teanga) i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2019 agus baineadh líon suntasach de chuspóirí na Scéime amach sa chéad bhliain. Tá gach biachlár agus comhartha i mBlasta agus i gCaifé an Chlabhstra i nGaeilge agus i mBéarla anois. Ritear leathanach oifigiúil Instagram IOM trí mheán na Gaeilge agus úsáidtear Gaeilge agus Béarla ar chuntas oifigiúil Twitter IOM. Foilsítear go dátheangach ar líne na foirmeacha is coitianta a bhíonn á lorg ag mic léinn ó Oifig an Chláraitheora agus cuirtear cruachóipeanna dátheangacha ar fáil a luaithe is féidir nuair a lorgaítear iad. Bhí Seachtain na Gaeilge ar siúl i mí an Mhárta 2020 chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na foirne agus i measc mhic léinn na hInstitiúide. I mí Mheán Fómhair 2019, cuireadh tús le ranganna Gaeilge do thosaitheoirí ar an bhfoireann agus dóibh siúd ar an bhfoireann a bhí ag iarraidh díriú ar Leibhéal B1 den CTEC (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha). Tá cártaí aitheantais don fhoireann agus do mhic léinn ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla anois chomh maith. Ceann de na céimeanna chun cinn is mó a tógadh ná oscailt 'An Cheathrú Ghaeltachta' do na mic léinn a chruthaigh an t-imeacht seachtainiúil 'Tae agus Plé'. Forbairt shuntasach eile ab ea cuairt ghrúpa de mhic léinn ó IOM ar Oireachtas na Samhna 2019 san Óstán City West den chéad uair. Eagraíodh ceardlann do Chumann Gaelach na hInstitiúide le Conradh na Gaeilge chomh maith.



# AN FHREAGAIRT AR COVID-19

Bunaíodh an Coiste um Fhreagairt do COVID-19 go luath i Feabhra 2020, faoi chathaoirleacht an Dr Seán Delaney, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla, agus tháinig sé le chéile beagnach gach seachtain. Bhreithnigh an Coiste gnéithe uile fhreagairt IOM do na dúshláin iomadúla a bhí cruthaithe ag an bpaindéim, agus rinne sé moltaí d'Fhoireann na Ceannaireachta maidir le bearta le glacadh.

## Áiríodh na daoine a leanas le ballraíocht an Choiste le linn na bliana acadúla 2019-2020:

- Cathaoirleach - An Dr Seán Delaney
- Lucht acadúil - An Dr Julie Uí Choistealbha
- Lucht acadúil - An Dr Joan Kiely
- Lucht acadúil - An Dr Barbara O'Toole
- Riarachán - Felicity Scriver
- Comhdhálacha agus Saoráidí - Ciarán Fogarty
- Airgeadas - Craig Larner
- Rochtain - Louise Condon
- Sláinte - An Dr Derek Murphy
- Acmhainní Daonna – Niall O'Neill
- Stiúrthóir TF - An Dr Alison Egan
- Bonnchlár Idirnáisiúnta - Brendan White
- Leabharlann - Genevieve Larkin
- Leabharlann – An Dr Johannah Duffy
- Cúram Tréadach – An Dr Anne Ryan
- Socrúchán – An Dr Rory McDaid
- Socrúchán – Mairéad Minnock
- Uachtarán - An Dr Teresa O'Doherty
- Rúnaíocht – Danielle Montgomery
- Uachtarán Aontas na Mac Léinn - Orla Birmingham
- Ionadaithe na Foirne - Treasa Uí hÉimhrín and Martin Lynch

**Ceapadh beirt oifigeach um Chomhlíonadh Covid, is iad sin Ciarán Fogarty agus Ian Blount, atá freagrach as a chinntiú go bhfuil saoráidí agus gníomhaíochtaí ar an gcampas ar aon dul leis an gcomhairle ón rialtas. Bunaíodh an Coiste um Fhilleadh Chun na hOibre ar an gCampas freisin. Áirítear leis an gCoiste sin Niall O'Neill (Cathaoirleach), Ciarán Fogarty (Oifigeach Comhlíontachta) Treasa Uí hÉimhrín agus Martin Lynch (Ionadaithe na Foirne), agus tagann sé le chéile de réir mar is gá.**

Bhí béim ar leith ar chomhtháthú na teicneolaíochta le hoideachas mar gheall ar chinneadh an Rialtais an 12 Márta chun gníomhaíochtaí uile ar champas a dhúnadh in Institiúidí Ardoideachais agus d'fhreagair IOM dó sin le casadh mear oideolaíochta, agus ón 16 Márta i leith rinneadh teagasc, foghlaim agus measúnú uile ar líne. Agus an Dr Alison Egan, Stiúrthóir TF, i gceannas air bunaíodh an tionscadal TF 'TELMiE about IT' (Inis Dom faoi TF). Bhí ceithre phríomh-thosaíocht ag baint leis an tionscadal sin agus ba iad sin:

- **Soláthar sioncronach agus aisioncronach leanúnach cúrsaí ar líne do mhic léinn**
- **Rochtain chothrom agus dearadh uilíoch**
- **Foghlaim arna feabhsú le teicneolaíocht do gach cúrsa**
- **Féin-éifeachtúlacht theicneolaíoch maidir le soláthar ar líne don fhoireann**

Sainaithníodh Seaimpín TELMiE i ngach roinn acadúil IOM agus trí chur chuige um 'oiliúint don oiliúnóir' á úsáid cuireadh oiliúint ar gach seaimpín in úsáid gnéithe idirghníomhacha na timpeallachta foghlama fíorúla. Ansin dhéanfadh an seaimpín TELMiE na comhghleacaithe dá chuid/cuid a oiliúint chun na huirlisí sin a úsáid agus lena leithéid de chur chuige cinntíodh go ndearnadh freastal ar riachtanais ábhair na ranna áitiúla uile. Ba é ceann amháin de chuspóirí príomhúla an tionscadail TELMiE chun a chinntiú go bhfuair mic léinn eispéireas leanúnach ar líne, beag beann ar luas a naisc, a ngaireas nó a láthair. Áiríodh leis na huirlisí agus scileanna atá riachtanach chun ábhar ar líne a sheachadadh go rathúil podchraoladh, seomraí ranga fíorúla, éascú ríomhchuidithe agus ábhar idirghníomhach HTML5. Thosaigh na seaimpíní TELMiE ar an oiliúint dá gcuid i Meitheamh agus eagraíodh seisiúin dhá uair sa tseachtain. Chruthaigh an Roinn TF fís-treoracha maidir le gach ceann de na huirlisí TELMiE, agus cuireadh ar fáil iad don fhoireann iomlán ar an timpeallachta foghlama fíorúla institiúide agus ar chainéal YouTube. Ba é cuspóir foriomlán an tionscadail TELMiE chun a chinntiú go raibh an fhoireann uile ullmhaithe do sheachadadh sioncronach agus aisioncronach ar líne don 'fhilleadh ar champas' i bhfómhar 2020.

Bhí acmhainní breise de dhíth laistigh den Roinn TF agus cruthaíodh dhá phost nua - post teicniúil agus post an dearthóra theagascaigh / oifigigh ríomhfhoghlama. Líonadh na poist sin i samhradh 2020.

Bhí bloic chóiríochta na mac léinn fós oscailte le linn na tréimhse tar éis na dianghlasála, agus nuair a d'fhág mic léinn a gcóiríocht, rinneadh aisíocaíochtaí.

Cuireadh scrúduithe dheireadh na bliana uile agus gníomhaíochtaí gaolmhara i gcrích go cianda. Go tipiciúil, is é a bhí i gceist leis sin scrúduithe leabhair oscailte, ar líne a chur in ionad na scrúduithe sin. Cuireadh doiciméid a ndearnadh scrúdaitheoirí seachtracha athbhreithniú orthu ar an gcampas roimhe seo ar fáil dóibh go slán ar Moodle, an timpeallacht foghlama fíorúla. Tionóladh Cúirteanna Scrúduithe Fíorúla agus cuireadh gníomhaíochtaí uile Oifig an Chláraitheora i gcrích i gcomhréir leis na sceidil foilsithe.



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## Forléargas ón Dr Seán Delaney

*Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla*



Ba bhliain eachtrach í 2019-20 d'Oifig an Chláraitheora. I Meán Fómhair 2019 chuireamar fáilte roimh Robbie Irwin mar Oifigeach Comhpháirteachais Mac Léinn, agus cuireadh fáilte eile roimh Louise Condon, ár nOifigeach Rochtana, i mí Eanáir 2020. D'fhág ár nOifigeach Iontrálacha, Eimear Breathnach, IOM chun tabhairt faoina gairm ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, agus cuireadh Laura Finnegan ina háit. Ar deireadh, ghlac an Leas-Chláraitheoir, Shauna Cassidy, le post in Institiúid na Baincéireachta agus chuireamar fáilte roimh an Dr Holly Foley mar an Leas-Chláraitheoir nua i Lúnasa 2020. I Mí Iúil 2020 rinneamar obair mhór 30 bliain de chuid Mai Ralph ag IOM a cheiliúradh agus ghabhamar buíochas léi go háirithe as an obair dhian a rinne sí mar Oifigeach Scrúduithe in Oifig an Chláraitheora.

Aistríodh Córas Thaifid na Mac Léinn (Maestro) na hInstitiúide ó Leagan 4 go Leagan 5 faoi cheannas Piotr Korta. Leis an leagan nuashonraithe tugtar éifeachtúlachtaí agus cumais nua isteach inár gcóras taifead.

Chuir IOM scoláireachtaí nua ar bun do mhic léinn ag teacht isteach sa chéad bhliain; bronnfar 20 sparánacht dar luach €500 an ceann ar mhic léinn a thaispeáin ceannaireacht sna hEalaíona agus Cultúr, i Spóirt, in Obair Dheonach, i gCur Chun Cinn na Gaeilge, agus i nGnóthachtálacha Acadúla. Bronnadh na chéad ghradaim do chéimithe ag searmanas bronnta céimeanna IOM d'fhochéimithe.

## Iontrálacha

In 2019/20 liostaigh líon iomlán de 3,272 mhac léinn cúrsaí IOM ina roghanna coláistí is fearr leo. 453 phointe a bhí i líon na bpointí chun dul isteach ar chéim Bhunmhúinteoireachta an Bhaitsiléara in Oideachas in IOM, agus theastaigh 491 phointe ó iontráil chuig an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge de chuid IOM. San iomlán, bhí 1,129 fhochéimí agus iarchéimí cláraithe in 2019-20, rud lena léirítear méadú 7% ar líon na mac léinn i gcomparáid leis an líon a bhí cláraithe in 2018-19. As an líon sin, tháinig thart ar 93% acu ó 26 chontae ar fud oileán na hÉireann, agus tháinig an 7% eile ó 17 dtír AE agus neamh-AE, go háirithe an tSín, Cuáit agus an Araib Shádach. In 2019-20, ba mhná iad 83% de dhaonra na mac léinn agus ba fhir iad 17%, agus bhí 72% de na mic léinn uile cláraithe ar chláir fochéime, agus 28% acu cláraithe ar chláir iarchéime.

## Rochtain

Coimeádann IOM 15% de na háiteanna ar chúrsaí fochéime do mhic léinn BRA (Bealach Rochtana ar Ardoideachas), do mhic léinn DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas) agus do mhic léinn lánfhásta. In 2019/2020, tháinig 16 mhac léinn isteach trí BRA agus tháinig 16 mhac léinn isteach trí DARE. Ach mar léiriú ar líonta na mac léinn ó chúlraí socheacnamaíocha is lú buntáiste in ardoideachas atá ag dul i méid, áfach, bhí 25% de na mic léinn uile ag teacht isteach chuig IOM ag fáil deontais SUSI. Tá an Institiúid tiomanta do rochtain a mhéadú ar an soláthar clár dá cuid agus, mar chuid de Bhraisle Cholún 1 Laighean, tá sí gafa go hiomlán le Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA). HEA. Is comhpháirtí IOM sna tionscnaimh PATH a leanas: an tionscadal 'I Can Teach', arna chomhordú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, faoi ghné PATH 1; an Clár Sparánachta 1916 faoi ghné PATH 2, arna chomhordú ag COBÁC; agus an tionscadal 'Bridges to Education', arna chomhordú ag COBÁC faoi ghné PATH 3.

Mar chuid de phróiseas athstruchtúraithe na hinstitiúide, bunaíodh boird chláir do na cláir uile. Is gné thábhachtach í ionadaíocht na mac léinn ar gach ceann de na boird sin, agus ghlac an Institiúid páirt sa Suirbhé náisiúnta bliantúil ar Mhic Léinn. Ba é an ráta freagartha dár gcuid de 46% in 2019 (an bhliain dheireanach a bhfuil sonraí ar fáil di) an tríú ráta is airde sa tír, rud a mhéadaigh an iontaoibh ar féidir le duine í a chur i dtorthaí an tsuirbhé. Ba é ceann de na torthaí is sásúla ón suirbhé ná nuair a cuireadh an cheist ar mhic léinn dá mbeadh an seans acu tosú arís as an nua an bhfreastalóidís ar an institiúid chéanna ar a raibh siad ag freastal, agus dúirt naoi mac léinn as gach deich mac léinn in IOM "is dócha" nó "go cinnte dearfa".



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## Forléargas ón Dr Gene Mehigan

*Leas-Uacharán um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach*



Tar éis chomhaontú na foirne agus an Bhoird Rialaithe, chonacthas bunú dhá scoil acadúla nua in 2019-2020 faoi shainchúram an Leas-Uachtaráin um Oideachas agus um Fhorbairt Straitéiseach.Tá *Scoil an Oideachais: Curaclam agus Óige* faoi cheannas an Dr Joan Kiely, Déan an Oideachais agus tá sí comhdhéanta de Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, faoi cheannaireacht Aodáin Mhic Shuibhne, an Roinn na Ionchuimsitheachta, Oideachais Reiligiúnaigh agus Saol na Mac Léinn faoi cheannas an Dr Anne Ryan, agus an Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luath-Óige, faoi cheannaireacht an Dr Michael Flannery.

Is leis an Roinn Beartais agus Cleachtais, faoi cheannas an Dr Rory McDaid, agus an Roinn Oideachais um Inbhuanaitheacht, Éagsúlacht Dhomhanda, na hInbhuanaitheachta, agus an Oideachais Idirchultúrtha an Dr Barbara O'Toole, atá an *Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luath-Óige: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí* comhdhéanta, faoi cheannaireacht an Dr Julie Uí Choistealbha, Déan an Oideachais.

Laistigh de na scoileanna oideachais sin tá na cláir fochéime agus iarchéime atá ina gcuid den phríomhsholáthar oideachais ag IOM. Áirítear leo sin ceithre chlár fochéime Leibhéal 8, Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas, Dioplóma Iarchéime sa Bhreisoideachas, Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide, Teastas i Spioradáltacht agus Forbairt Dhaonna, agus sraith de chláir na Máistreachta i Léann an Oideachais.

Ba ghné mhór na forbartha in 2019-2020 an t-aistriú chuig struchtúr nua don bhliain acadúil. Bhí an struchtúr nua sin bunaithe ar chláir fochéime a sheachadadh i bhformáid seimeastair, trína ndéantar modúil a sheachadadh agus a mheasúnú laistigh de thréimhse theagaisc. Leis an athrú ar struchtúr na bliana acadúla éascófar measúnú modúl ag deireadh an bhloic theagaisc ábhartha. Ar an mbealach sin, is féidir modúil a sheachadtar i seimeastar amháin ar bith a mheasúnú ag deireadh an tseimeastair sin. Tríd an gcéim BSc in Oideachas na Luathóige a chur i bhformáid seimeastair go rathúil in 2019, cuireadh teimpléad luachmhar ar fáil le haghaidh na cláir fochéime uile dár gcuid a chur i bhformáid seimeastair don bhliain acadúil 2020-2021.

In 2019-2020 leanadh le monatóireacht ar thírdhreach an Ardoideachais maidir le forbairtí beartais ábhartha ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i dtaca lena n-impleachtaí do IOM. Le linn na tréimhse sin chuir IOM freagairtí isteach le haghaidh na ndoiciméad beartais a leanas:

- *Ráiteas Beartais na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí*
- *Céim: Caighdeáin maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí, agus Socrúcháin Scoile san áireamh*
- *Samhail Soláthair agus Éilimh um Mhúinteoirí a Fhorbairt d'Éirinn 2020-2036*



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## Forléargas ó Craig Larner

*Leas-Uachtarán Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla*



Tar éis próiseas athbhreithnithe eagraíochta a chur i gcrích i Lúnasa 2019, rinneadh post an Phríomhoifigigh Airgeadais, atá i seilbh agam ó 2001, a chalabrú an athuair agus ceapadh mé i bpost an Leas-Uachtaráin Airgeadais agus Seirbhísí Gairmiúla (VPF). Baineann sainchúram leathan leis an bpost, agus freagracht ag baint leis as na nithe a leanas: Airgeadas, TF agus Ríomhfhoghlaim, Comhdhálacha agus Saoráidí, Acmhainní Daonna, Seirbhísí Leabharlainne agus an Oifig Oideachais (seirbhísí gairmiúla comhroinnte / feidhm tacaíochta riaracháin).

Mar Leas-Uachtarán tá mé i mo bhall den Fhoireann Cheannaireachta feidhmiúcháin IOM agus de Choiste Feidhmiúcháin Westcourt, a dhéanann maoirseacht ar chóiríocht na mac léinn ar champas. Freastalaím ar chruinnithe an Bhoird Rialaithe freisin agus tá mé i mo bhall ar roinnt fo-choistí an Chomhlachta Rialaithe: an Coiste Airgeadais, an Coiste Iniúchóireachta agus Coiste Stiúrtha SCG/OCG.

Ar bhonn oibríochtúil, tháinig COVID-19 salach ar phríomhthosaíochtaí le haghaidh 2019-2020 ó Mhárta 2020 i leith, agus rinneadh dian-iarrachtaí i réimsí uile chun freagairt do na dúshláin gan fasach a cruthaíodh leis. Ina dhiaidh sin is uile, leanadh le feidhmiú céimneach an tionscadail um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais, faoi cheannas Deirdre Mulholland, an Bainisteoir Airgeadais. San Oifig Oideachais, a cruthaíodh as an nua i Lúnasa 2019, rinneadh feidhm tacaíochta riaracháin na hInstitiúide a lárú den chéad uair, faoi Cheannasaí na hOifige Oideachais, Felicity Scriver, a ghlac na dúshláin chuici féin de sheirbhís tacaíochta a chruthú atá comhtháite agus freagrúil. Sa bhreis air sin rinneadh forbairtí suntasacha sa Leabharlann.

Agus í spreagtha ag na príomhthosaíochtaí straitéiseacha de chomhoibriú, de chomhpháirteachas agus de sheirbhís ardchaighdeáin agus de shaol na mac léinn a fheabhsú ag IOM, chuir an Leabharlann tús le clár chun a bonneagar fisiceach a nuachóiriú, lenar áiríodh athchóiriú an fhorhalla, doirse sleamhnáin uathoibrithe nua, soicéid nua agus suiteáil botha féin-eisiúna. D'fhonn an bonneagar digiteach a fheabhsú agus an t-eispéireas úsáideora a shruthlíniú don fhoireann agus do mhic léinn araon, d'oibrigh an Leabharlann leis an roinn TF chun Síniú Isteach Singil a chur i bhfeidhm le haghaidh na n-acmhainní ar líne dá cuid agus le haghaidh feidhmeanna eile. Cuireadh fís-sruthú agus rochtain ar an mbunachar sonraí ildisciplíneach príomhúil 'Academic Search Complete' leis na mílte de theidil Ríomhleabhar agus bunachair shonraí i mbailiúcháin

reatha na Leabharlainne. D'fhonn forbairt a dhéanamh ar chnuasach an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar theagasc agus ar fhoghlaim, lean an Leabharlann le hobair a dhéanamh ar Thaisclann Institiúide IOM laistigh de Chartlann um Rochtain ar Thaighde de chuid Choláiste na Tríonóide (TARA) agus ba chúis lúcháire í chun bailiúchán nua a chruthú a bhí tiomnaithe d'irisleabhar rochtana oscailte Taighde Oideachais Múinteoirí agus Mic Léinn (STER) a chur i láthair. Cruthaíodh bailiúchán leictreonach de thráchtais mac léinn freisin ar TARA, agus an lucht léitheoireachta agus tionchar an taighde a dhéantar ag IOM á leathnú. In éineacht le comhghleacaithe sa Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luathóige, chuir an Leabharlann le seoladh Taisclainne nua um Ealaíon agus Cultúir i dTaighde (ACERR) ar ardán rochtana oscailte Thaisclann Dhigiteach na hÉireann, agus caomhnú fadtéarma ábhar na n-ealaíon in oideachas ó raon leathan institiúidí á éascú.

Ag tús na bliana acadúla 2019/2020 bhí an tIonad Comhdhála suite go láidir agus éileamh ard air agus go leor cliaint leantacha ann. Tosaíonn an bhliain acadúil i gcónaí agus líonta maithe de mhic léinn idirnáisiúnta ag teacht chugainn trí Institiúid Chultúrtha Emerald. Leanamar le hobair a dhéanamh le go leor eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail Cumann Badmantain na hÉireann, Seirbhís Príosún na hÉireann, WIT, Ollscoil Uladh, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus an Coláiste Oiliúna Oscailte gan ach cúpla acu a lua. Ba bhuaicphointe é go luath i Mí Eanáir nuair a shoilsigh an ghrian agus chuireamar fáilte roimh an Taoiseach, Leo Varadkar TD, mar a bhí ann ag an am sin agus roimh an gcomh-aireacht iomlán agus cruinniú comh-aireachta ar siúl acu in IOM. Ba chruinniú comh-aireachta stairiúil é sin mar an gcéad cheann a tionóladh riamh i mBaile Átha Cliath Thuaidh. Gabhaimid an-bhuíochas le Finian McGrath TD as IOM a ainmniú mar ionad.

Mar gheall ar dhúnadh na hInstitiúide agus suíomhanna oideachais uile maidir le gníomhaíochtaí duine le duine ar an gcampas ó lár Mhárta cuireadh as go mór do ghnó an Ionaid Chomhdhála agus cuireadh deireadh tobann le gníomhaíochtaí uile de réir mar a chomhlíonamar an treoir riachtanach um shláinte phoiblí. Bhí tionchar géar ag COVID-19 ar an Ionad, agus táthar ag breithniú cineálacha chur chuige malartacha maidir le tacaíocht chomhdhála a sholáthar amach anseo.



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## Forléargas ón Dr Julie Uí Choistealbha

*Déan an Oideachais, Scoil an Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí*



Tá Scoil an Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí ar bun ach le bliain amháin, ach d'fhoghlaimíomar níos mó sa bhliain seo caite faoi nádúr idirnasctha bheartas an oideachais agus chleachtas an oideachais agus faoi thionchar an dá rud ar an tsochaí ná mar a d'fhéadfaimis a cheapadh. Ba ghné mhór den bhliain seo foirmliú mear beartas náisiúnta nua chun saoránaigh uile a chumhdach mar aon le dioscúrsa an-phoiblí maidir le cleachtais an teagaisc agus na foghlama ar fud leibhéil uile an chórais oideachais. Leis sin, cuireadh béim ghéar ar Scoil an Oideachais, Beartas, Cleachtas agus an tSochaí. Is obair ilghnéitheach, dhinimiciúil atá freagrúil d'athruithe í obair na scoile. Tá sé scartha idir dhá roinn - an Roinn Beartais agus Cleachtais agus an Roinn Oideachais um Inbhuanaitheacht, Éagsúlacht Dhomhanda agus Oideachas Idirchultúrtha.

Tá an Roinn Beartais agus Cleachtais, faoi cheannas an Dr Rory McDaid, dírithe ar ghnéithe socrúcháin an B.Oid, an B.Oid Trí Mheán na Gaeilge, PME, an BSc i Léann an Oideachais, an PDE (FE) agus an BSc in ECE; ceannaireacht ar chúrsaí amhail an PDE (FE) agus na cúrsaí Máistreachta; tionscadail amhail an Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha; réimsí curaclaim amhail síceolaíocht, TFC agus modhanna taighde mar aon le modúil teagaisc agus foghlama agus cleachtas machnamhach.

Le Roinn na hÉagsúlachta Domhanda, na hInbhuanaitheachta, agus an Oideachais Idirchultúrtha, faoi cheannas an Dr Barbara O'Toole, cuimsítear réim náisiúnta agus domhanda na hInstitiúide. Áirítear na réimsí a leanas le hobair na roinne: ceannaireacht chúrsa ar an PME agus ar an mBonnchlár Idirnáisiúnta; tionscadail amhail tionscadal DICE, réimsí curaclaim amhail SESE, inbhuanaitheacht, fealsúnacht, gnóthú teanga agus SPHE, agus rannpháirtíocht sa phobal amhail Gairdín Pobail IOM agus ballraíocht ar bhord Iontaobhas Ghlas Naíon.

Mar Dhéan na Scoile, áirítear leis an obair de mo chuid ceannaireacht chúrsa ar an BEol i Léann an Oideachais. Ba gharsprioc i saol an chúrsa sin an bhliain acadúil seo caite de réir mar a chuamar trí athbhreithniú seachtrach ar an gcúrsa agus isteach i bpróiseas athchumraithe cláir. Sa chlár déantar fiosrúchán ar leithead an oideachais le modúil nua amhail Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe, agus Oideachas agus Spórt (Ionchuimsitheacht, éagsúlacht agus atreorú) mar aon le doimhneacht an oideachais le téamaí ar feadh na gceithre bliana amhail an bunús le hoideachas, foghlaim bunaithe san áit oibre, foghlaim fheidhmeach, ealaíona, cultúr agus spórt, RSO (riachtanais speisialta oideachais) agus ceannaireacht.



# TUARASCÁLACHA CEANNAIREACHTA

## Forléargas ón Dr Joan Kiely

*Déan an Oideachais, Scoil an Oideachais: Curaclam agus Óige*



Le Scoil an Oideachais: Curaclam agus Óige, cuimsítear trí roinn: Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, Roinn na hIonchuimsitheachta, an Oideachais Reiligiúnaigh, agus Shaol na Mac Léinn agus Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luath-Óige. Tá trí chinn de cheithre chlár fochéime na hInstitiúide cuimsithe sa Scoil: An Baitsiléir Oideachais (BEd.), an ceann is mó de chláir chéime na hInstitiúide; an Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge (BOid), an t-aon clár oiliúna múinteoirí fochéime in Éirinn a dhéantar a theagasc ina iomláine trí mheán na Gaeilge; agus an Baitsiléir Eolaíochta in Oideachas na Luathóige (BEol).

Is cúis mhórtais don chéim B.Oid. an bhéim a chuirtear ar na naisc idir teoiric agus cleachtas ar feadh na céime. Chun na críche sin, tá obair chomhoibrithe ar siúl le bunscoileanna áitiúla maidir le modúil Teagaisc agus Foghlama (Garchleachtais) an BEd agus BOid., Corpoideachas agus na hAmharc-ealaíona. Tá taighde ag croílár obair gach léachtóra agus foilsíodh saothair i réimsí amhail an Ghaeilge, Corpoideachas, Ceol, Litearthacht, SESE, na hEalaíona, Oideachas Reiligiúnach, Ionchuimsitheacht agus Matamaitic le linn na bliana acadúla 2019-2020. Ba thréimhse stairiúil í an bhliain acadúil 2019-2020 d'Institiúid Oideachais Marino agus an chéad bhliain den chéim B.Oid ar siúl. Faoi cheannas Aodáin Mhic Suibhne, ceannasaí Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, chuir IOM fáilte roimh mhic léinn ó na Gaeltachtaí, ó Ghaelscoileanna agus ó scoileanna Béarla ar fud na tíre. Tá freagracht náisiúnta ag Roinn na Gaeilge de chuid Marino as an riachtanas i leith na Gaeilge (SCG agus OCG) do mhúinteoirí bunoideachais a bhí faoi oiliúint múinteoirí thar lear.

Ceiliúradh bronnadh céimeanna ar an gcéad ghrúpa de mhic léinn ó chéim BEol in Oideachas na Luathóige i Mí na Nollag 2019. Tá clár an Oideachais Luathóige bunaithe ar an taighde is úire agus déantar sin a éascú ag foireann atá gníomhach ar thaighde agus atá gafa faoi láthair le tionscadail thaighde arna gcoimisiúnú ag eagraíochtaí amhail an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), An Líonra Taighde um Leanaí agus an RLGÓ (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige).

Tá an MES san Oideachas Luathóige ar siúl ó 2014 agus tarraingítear líonta móra mac léinn chuige ar bhonn seasmhach ó earnáil na luathóige agus ó bhunscoileanna araon. Tá céimithe le fáil i bpoist cheannaireachta i gcomhthéacsanna éagsúla (m.sh. RLGÓ, Comhordú Síolta, Coistí Contae um Chúram Leanaí, Better Start/ Tús Níos Fearr, príomhoidí scoile agus bainistíocht suíomhanna Luathóige) ar fud na tíre.





# NUASHONRÚ AR CHLÁIR

## Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge

Ba thréimhse stairiúil í an bhliain acadúil 2019-2020 d'Institiúid Oideachais Marino nuair a cláraíodh mic léinn ar chéim oiliúna sa bhunmhúinteoireacht cheithre bliana a sheachadfar ina hiomláine trí mheán na Gaeilge, den chead uair riamh i stair an oideachais in Éirinn. San iomlán, chláraigh seisear mac léinn is tríocha ar an gcéim, beirt acu ón nGaeltacht, 15 acu as Baile Átha Cliath agus 15 eile acu ó chontaetha éagsúla. Agus é i láthair ag an lá ionduchtúcháin, dúirt an tAire Oideachais ag an am sin, Joe McHugh TD: "Seo lá tábhachtach i stair oideachas na hÉireann. Is pribhléid dom bheith i láthair leis na mic léinn agus guím rath orthu san aistear dá gcuid le bheith ina múinteoirí. I gceann cúpla bliain beidh ról tábhachtach ag na céimithe seo maidir le paisean don Ghaeilge a spreagadh i bpáistí scoile, is cuma má tharlaíonn sin i mbunscoil sa Ghaeltacht nó i nGaelscoil. Beidh ról tábhachtach acu freisin maidir leis an gcuraclam bunscoile iomlán a sheachadadh trí mheán na Gaeilge." Bhain roinnt de na mic léinn leas as scéim chónaitheachta na Gaeilge agus ghlac siad le cóiríocht i mBloc coimeádta na Gaeilge in árasáin ar champas Marino. D'fhonn labhairt na Gaeilge ag mic léinn uile ag IOM a chur chun cinn bunaíodh "An Cheathrú Ghaeltachta" i Spás na Mac Léinn agus eagraítear seisiúin sheachtainiúla 'Tae agus Plé' ag Aontas na Mac Léinn i gcomhar le hOifigeach na Gaeilge. Sa cheistneoir ag deireadh na bliana arna chur ar ais ag mic léinn léiríodh ardleibhéil sástachta leis an atmaisféar i Marino, go dteagasctar an cúrsa ina iomláine trí mheán na Gaeilge agus go mbíonn an Ghaeilge ina teanga chumarsáide i gcónaí ar an gcúrsa.



# Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide

Is clár réamh-fhochéime bliana an Bonnchlár Idirnáisiúnta agus an aidhm ann fochéimithe amach anseo a chumasú leis na scileanna Béarla agus acadúla agus foghlama iomchuí atá sainiúil do dhisciplín chun iad a ullmhú staidéir fochéime lánaimseartha a dhéanamh ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ag Institiúid Oideachais Marino. Tá an clár comhdhéanta de na príomh-mhodúil Béarla Chun Críocha Acadúla agus Matamaitic mar aon le modúil a bhaineann go sainiúil le hábhair sa dá phríomhshruth: is iad sin Innealtóireacht & Eolaíocht agus Gnó, Eacnamaíocht & Eolaíochtaí Sóisialta.

Tháinig an ceathrú cohórt de 65 mhac léinn ó 13 chúlra náisiúnta éagsúla amhail an tSín, Cuáit, an Tuirc agus an Rúis isteach sa chlár i Meán Fómhair 2019. Ó thíortha éagsúla amhail an tSín, Cuáit, an Tuirc agus an Rúis. Chuaigh mórchuid na mac léinn ar aghaidh chuig cúrsaí a bhain le heolaíocht agus teicneolaíocht na sláinte i gColáiste na Tríonóide agus roghnaigh thart ar thrian acu cláir fochéime sa ghnó agus in eolaíocht shóisialta. Cé go raibh ar mhic léinn an trian deireanach dá gclár a chríochnú go cianda mar gheall ar shrianta COVID-19, chomhlíon níos mó ná 90% acu na riachtanais chun staidéar a dhéanamh ag Coláiste na Tríonóide ag deireadh a gcúrsa. Sa bhreis ar obair chúrsa acadúil, bhí foireann agus mic léinn ar an mBonnchlár Idirnáisiúnta páirteach i ngníomhaíochtaí pobail IOM sa Ghaeilge, i gceol agus i spórt.

Bhain na mic léinn sult as roinnt imeachtaí ar feadh na bliana. Ar an 2 Samhain, thug 24 den chriú cuairt spraíúil ar Aillte an Mhothair agus ar Chathair na Gaillimhe. An 14 Samhain, thug siad aghaidh ar Shean-Oirthear na hÉireann chun taithí phearsanta a fháil ar na huaimheanna Neoiliteacha dár gcuid ó dhearcadh an taighdeora. Bhí an chamchuairt ina cuid dhílis de thionscadal póstaeir Shí an Bhrú dá gcuid agus cuireadh bailchríoch air le cuir i láthair phóstaeir i ngrúpaí níba dhéanaí sa mhí sin. Ar an 23 Eanáir bhronn an tOllamh Juliette Hussey, Leas-Uachtarán um Chaidrimh Dhomhanda, a scoláireachtaí domhanda um bharr feabhais ar Yueying Wu, Cheng Zhang, Zhongyuan Liu agus Zehao Yu ag searmanas a bhí ar siúl ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ócáid dhraíochtúil a bhí i Seachtain na Gaeilge ag tús Mhí an Mhárta do mhic léinn an Bhonnchláir Idirnáisiúnta a chaith tráthnóna i nGaeltacht Ráth Chairn ag éisteacht le hamhráin agus ag damhsa ar feadh na hoíche. Bhí gníomhaíocht dheireanach an ghrúpa roimh an dianghlasáil ar siúl an 3 Márta nuair a bhí deis ag na mic léinn Eolaíochta páirt a ghlacadh i saotharlann bitheolaíochta i saoráidí na roinne eolaíochta i TCD, blaiseadh den saol atá rompu mar mhic léinn.



# FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

**Mar gheall ar COVID-19 chonacthas an t-aistriú dúshlánach ach lena mbaineann deiseanna go teagasc agus foghlaim ar bhonn digiteach ar leibhéal an bhunoideachais. Bhí sé ríthábhachtach stíleanna agus cineálacha chur chuige foghlama a athshmaoineamh agus spreagadh go leor múinteoirí leis sin chun na cleachtais dá gcuid sa seomra ranga a athmheas, a athnuachan agus a athshmaoineamh mar ullmhúchán don fhilleadh chun na scoile i bhfómhar 2020. Mar gheall ar dhúil shuntasach i bhforbairt ghairmiúil leanúnach ar líne do mhúinteoirí, agus glacadh suntasach léi, cinntíodh gur chomhlíon níos mó ná 1,200 múinteoir cláir ar líne sa samhradh sna réimsí a leanas:**

*Oideachas Speisialta: Cur Chuige Praiticiúil,* arna éascú ag Miriam Colum, Roinn na hIonchuimsitheachta, an Oideachais Reiligiúnaigh, agus Shaol na Mac Léinn, agus ag Adrian Lohan, Scoil Náisiúnta um Fhoghlaim le Chéile na Ráithní.

*Teagasc agus Foghlaim i Suíomh na Luathóige,* arna éascú ag Sinéad McCauley Lambe agus Clara Maria Fiorentini, ón Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais agus na Luathóige agus Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge faoi seach.

*Teicneolaíochtaí Digiteacha le haghaidh Teagaisc, Foghlama, Ceannaireachta agus Bainistíochta sa Bhunscoil,* arna dhearadh agus arna éascú ag Ciara Reilly, ón Roinn Beartais agus Cleachtais.

*Múinteoirí agus an Dlí,* arna éascú ag David Ruddy BL ó Mason

Hayes & Curran LLP.

## An Cháilíocht sa Ghaeilge

Tá Institiúid Oideachais Marino freagrach as gnéithe uile a bhaineann leis An Cháilíocht sa Ghaeilge (Riachtanas na Gaeilge) a riar. Is ionann An Cháilíocht sa Ghaeilge agus cáilíocht i leith na Gaeilge, agus éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ar mhúinteoirí bunscoile a cháilíonn lasmuigh den Stát chun í a aimsiú ionas go mbeidh siad aitheanta go hiomlán mar Mhúinteoirí Bunscoile i bPoblacht na hÉireann. Tugadh an tionscadal do IOM ar dtús tar éis próiseas tairisceana iomaíoch agus mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tionscadal. Is tionscadal féinmhaoinithe é anois, arna chomhordú ag Peadar Mac Giolla Bhríghde. Soláthraíonn Máire Áine Ní Dhonnchadha tacaíocht riaracháin don tionscadal agus déanann Aodán Mac Suibhne agus an Dr Marie Whelton maoirseacht ar ghnéithe uile na cáilíochta acadúla. Déanann Fochoiste an Chomhlachta Rialaithe (Coiste Stiúrtha SCG) monatóireacht ar an tionscadal agus tagann sé le chéile trí huaire gach bliain. In 2020, rinne líon iomlán de 182 mhúinteoir Cáilíocht na Gaeilge go cianda - rinne 83 iarrthóir an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG - bealach na trialach inniúlachta) agus rinne 99 n-iarrthóir an tOiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG – bealach an Oiriúnaithe agus an Mheasúnaithe). Tugadh 251 Chuairt ar Scoileanna agus rinne an Fhoireann SCG/OCG 590 Script Scrúdaithe/





# GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

**Mar aon le soláthar áitiúil na gclár oideachais, is gné é idirnáisiúnú freisin de shaol na mac léinn agus na foirne ag IOM. Baintear sin amach trí chomhpháirtíocht le scoileanna agus le seirbhísí, agus le hinstitiúidí agus cláir náisiúnta agus idirnáisiúnta eile. D'fhonn léargas a thabhairt ar leithead na gníomhaíochta idirnáisiúnta dár gcuid, seo a leanas roinnt samplaí léiritheacha:**

## Soghluaisteacht Erasmus+

Sa bhliain 2019/20 chuir IOM fáilte roimh mhic léinn Shoghluaisteacht Erasmus+ ó dhá ollscoil sa Spáinn (Universitat Autònoma de Barcelona agus Universidad Europea del Atlántico, Santander) agus ó ollscoil amháin sa Phortaingéil (Instituto Politécnico de Setúbal). Rinne na mic léinn staidéar ar na cúrsaí B.Oid., Léann Oideachais agus ECE. Ghlac siad páirt freisin i gcláir socrúcháin mhionathraithe lenar ligeadh dóibh córas bunoideachais na hÉireann a eispéiriú. Chuaigh ceathrar mac léinn IOM chuig ollscoileanna sa Danmhairg agus sa Bheilg le haghaidh staidéir Sheimeastar 2 dá gcuid. Sa Danmhairg, chríochnaigh triúr mac léinn ECE an Clár 'Ag Trasnú Teorainneacha' i gColáiste Ollscoile na Danmhairge Theas atá suite in Aabenraa. Sa chlár sin pléadh éagsúlacht chultúrtha san oideachas agus áiríodh leis socrúchán sínte i suíomh ECE na Danmhairge. Chríochnaigh mac léinn Léann an Oideachais amháin Clár 'Ag Trasnú Teorainneacha' éagsúil in Ollscoil Karl de Grote in Antwerp. Bhí cur chuige idirdhisciplíneach agus tras-chultúrtha ag baint leis an gclár sin agus pléadh ábhair amhail for-éagsúlacht, bochtaineacht, oideachas agus cumas maireachtála.



## Comhpháirtíocht le NHL Stenden, an Ísiltír

Rinneadh forbairt mhór i mbliana ar chaidreamh IOM le NHL Stenden san Ísiltír. I Samhain, chuaigh grúpa de níos mó ná 20 mac léinn B.Oid. 2 chuig Leeuwarden mar chuid den 'Socrúchán Oideachais Malartach' dá gcuid. Thug na mic léinn cuairt ar scoileanna trítheangacha, d'fhreastail siad ar sheisiúin in NHL Stenden agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí cultúrtha. I Samhain freisin, thug grúpa de thríocha mac léinn ón Ísiltír cuairt ar Marino le haghaidh cuairt staidéir a bhí dírithe ar fhoghlaim teanga. Áiríodh leis an gcuairt sin léachtaí, cuairteanna ar scoileanna agus gníomhaíochtaí cultúrtha. D'oibrigh beirt mhac léinn sa bhliain dheireanach den BEol i Léann an Oideachais, a thaistil chuig NHL Stenden le haghaidh a n-intéirneachta, i scoileanna trítheangacha mar chúntóirí teanga agus bhí siad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama in éineacht le mic léinn NHL Stenden.



## Scoileanna Eorpacha: Treoirthionscadal um Shocrúcháin Scoile

I Mí na Nollag 2019, tar éis próiseas pleanála mionsonraithe a chríochnú leis an Dr John Fitzgerald ó Chigireacht ROS, thug an Dr Julie Uí Choistealbha cuairt ar an Scoil Eorpach sa Bhruiséil d'fhonn Treoir-Chlár Eispéiris um Shocrúchán Scoile Idirnáisiúnta a thosú do mhic léinn an BEd 3. A bhuí le comhoibriú agus solúbthacht gach duine a bhí rannpháirteach, chuaigh beirt mhac léinn chun na Bruiséile i mí an Mhárta 2020 dá socrúchán scoile. De mhí-ádh, bhí sé riachtanach an t-eispéireas sin a ghiorrú mar gheall ar shrianta COVID-19 ach táthar ag súil go leanfar leis an gcomhpháirtíocht sin amach anseo.



# GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

## Ollscoil Stáit Bridgewater, SAM

I seimeastar 1, d'óstáil IOM ceathrar mac léinn ó Ollscoil Stáit Bridgewater ar an gClár Socrúcháin Múinteoireachta Idirnáisiúnta dá gcuid. Ghlac na mic léinn páirt i gclár réamhléiritheach luathaithe maidir le córas oideachais na hÉireann agus eispéiris múinteoireacht scoilbhunaithe. De mhí-ádh, bhí sé riachtanach an Clár Socrúcháin Múinteoireachta Idirnáisiúnta san earrach a chur ar ceal mar gheall ar COVID-19.




## Soghluaisteacht Foirne

I Samhain, chríochnaigh an Dr Claire Dunne agus Mairéad Minnock cuairt thrí lá ar NHL Stenden maidir le Soghluaisteacht Foirne le haghaidh Oiliúna de chuid Erasmus+. Agus iad ansin, tugadh léargas dóibh ar chóras oideachais na hÍsiltíre agus na Freaslainne, an curaclam atá i bhfeidhm, agus oideolaíocht nuálach sa seomra ranga. Chomh maith leis sin thug siad cuairteanna ar scoileanna sa réigiún chun teagasc a bhreathnú agus chun acmhainní curaclaim agus oideolaíochta a phlé le múinteoirí, go háirithe maidir le suíomhanna an tumoideachais. Tugadh cuairteanna ar ghrúpaí tacaíochta teangacha mionlaigh sa Fhreaslainn freisin d'fhonn cuidiú le taighdeoirí IOM teagasc teanga a shuí laistigh den tionscnamh athneartaithe teanga níos leithne san Ísiltír. D'óstáil IOM beirt bhall foirne ó KPH Graz, san Ostair, i Feabhra agus iad ar chuairt staidéir ghairid. Bhí an chuairt dírithe freisin ar an bpoitéinseal le haghaidh tionscnaimh chomhoibrithe amach anseo idir IOM agus KPH Graz.

Rinne an Dr Julie Uí Choistealbha ionadaíocht d'Éirinn ag seimineár TCA (Gníomhaíochtaí Comhoibrithe Trasnáisiúnta) Erasmus+ 'Soghluaisteacht Mac Léinn a Fheabhsú in Oiliúint Múinteoirí' a tionóladh i Réicivíc ón 3-6 Nollaig 2019. Clúdaíodh roinnt téamaí sa seimineár lenar áiríodh beartas do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta, tairbhí na ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta, bacainní roimh shoghluaisteacht, ionchuimsitheacht agus éagsúlacht, an bonn teoiriciúil le hidirnáisiúnú agus sruthanna maoinithe chun tacú le soghluaisteacht.





# *POBAL* **FOGHLAMA**

# COMHPHÁIRTEACHAS AGUS COMHOIBRIÚ LEIS AN bPOBAL

## Uimhearthacht san Am i Láthair: Theaghlaigh sa Bhaile do Theaghlaigh

Chuir Breed Murphy, Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luath-Óige, go mór le hUimhearthacht san Am i Láthair: Tacaíochtaí do Theaghlaigh sa Bhaile nó Numeracy in the Now: Supports for Families at Home mar is fearr aithne air, Tacaíochtaí sa Bhaile do Theaghlaigh, comhoibriú idir an Scoil Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, Institiúid Oideachais Marino, agus Coláiste Mhuire gan Smál, agus forbraíodh é mar thoradh ar an mbriseadh sa scolaíocht a tharla in Éirinn mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Ba chuspóir an tionscadail tacaíochtaí a sholáthar do thuismitheoirí a bhí ag iarraidh forbairt uimhearthacht na bpáistí dá gcuid a bhainistiú agus a threorú sa bhaile. Le hUimhearthacht san Am i Láthair, tugadh deiseanna chun suntais le haghaidh uimhearthacht a fhorbairt le linn na ngníomhaíochtaí rialta a mbíonn páistí ghníomhach iontu go tipiciúil agus iad i mbun a saolta agus cuireadh treoir
ar fáil do thuismitheoirí leis conas na deiseanna sin a úsáid ar bhealach lena ndearnadh a bpoitéinseal a uasmhéadú chun cuidiú le páistí coincheapa matamaiticiúla a thuiscint agus scileanna nua a fhoghlaim. Cruthaíodh sé fhíseán ghearra lena dtugtar chun suntais conas is féidir le páistí coincheapa matamaiticiúla a fhiosrú sna gnáthaimh laethúla dá gcuid, i súgradh, le linn dóibh a mbréagáin a úsáid, agus ar chuairt chuig foraois nó chuig cluain nó nuair a bhíonn siad ag cuidiú le cócaireacht. Rinneadh na físeáin a chomhroinnt le tuismitheoirí le linn seimineár gréasáin an 14 Bealtaine in éineacht leis na teachtaireachtaí príomhúla chun tacaíocht agus misneach a thabhairt do thuismitheoirí. Ina dhiaidh sin, thug Ionad Oideachais Thrá Lí cuireadh do na comhoibrithe chun a gcuid oibre a chomhroinnt le múinteoirí ar sheimineár gréasáin an 12 Meitheamh. Tá na físeáin ar fáil ar chainéal YouTube de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:

**https://www.youtube.com/watch?v =uYj2V2p40w0&list=PL55XqDjybyL-**



BWsuM0jyzNQKT2khEImsA&index=7

## Litearthacht gan Srianta




Le linn dhianghlasáil COVID-19 in Aibreán, rinne Clara Fiorentini agus an Dr Jennifer O'Sullivan, ó Roinn an Bhéarla agus Roinn na Gaeilge, comhoibriú le Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, maidir leis an tionscadal *Litearthacht gan Srianta* nó *Literacy on the Loose* mar is fearr aithne air. Dearadh an clár chun cuidiú le tuismitheoirí a raibh scolaíocht bhaile á déanamh acu maidir le páistí óga trína thaispeáint go bhféadfadh foghlaim litearthachta a bheith ar siúl agus a chomhtháthú ar dhóigh spraíúil ina mbailte féin, agus go bhféadfadh sí tarlú in áiteanna eile seachas ag tábla na cistine agus leabhair ar oscailt. Thaifead taighdeoirí ó TCD, IOM agus BOO Luimnigh agus an Chláir an tsraith d'fhíseáin ghearra, inrochtana - le hábhair amhail 'Litearthacht ar an Tolg' agus 'Litearthacht sa Dúlra'. Chuir Clara agus Jennifer an físeán 'Litearthacht sa Chistin' ar fáil dá gcuid mar chuid den tsraith. Eisíodh na físeáin ar an Lá Domhanda um Leabhair agus bhí siad dírithe ar pháistí i luathbhlianta na bunscoile agus ar a dtuismitheoirí. Is féidir amharc ar an bhfíseán 'Litearthacht sa Chistin' ag an nasc a leanas:

https://www.youtube.com/watch?v=rFAGWZmvqvY

## Bleaist Eolaíochta BSL




Tar éis an imeachta thar a bheith rathúil Bleaist Eolaíochta BSL sa RDS i Márta 2019, eagraíodh lá breise do Ghaelscoileanna agus do Scoileanna Gaeltachta in 2020. Thug ionadaithe RDS cuairt ar Marino agus labhair siad le mic léinn a raibh spéis acu in obair a dhéanamh ag an imeacht trí mheán na Gaeilge. Ar an 5 Márta 2020, chaith roinnt mac léinn as Marino an lá agus iad ag tacú agus ag cuidiú le páistí, le tuismitheoirí agus le foireann ó scoileanna ar fud na tíre, chun a gcuid oibre a chur i láthair agus an t-eispéireas is fearr a fháil. Ar deireadh thiar, ba cheann de na laethanta is fearr é an lá sin sa RDS agus ní amháin go raibh eispéireas iontach ag na mic léinn dár gcuid ach tugadh léargas luachmhar dóibh leis maidir le conas is féidir teagasc agus foghlaim a tharlú lasmuigh den seomra ranga.

# COMHPHÁIRTEACHAS AGUS COMHOIBRIÚ LEIS AN bPOBAL

## IOM, Músaem Reilig Ghlas Naíon agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht thríthaobhach seo idir IOM, Músaem Reilig Ghlas Naíon agus TCD forbraíodh cúrsa samhraidh an-rathúil do mhúinteoirí bunscoile dar teideal *Oidhreacht, Cuimhneamh agus Tírdhreacha in Éirinn an Lae Inniu*. Leis an gcúrsa sin, a ritheadh sa samhradh in 2017 agus in 2018, tugadh deis uathúil do rannpháirtithe breathnú thart ar Reilig agus Músaem Ghlas Naíon, agus ar Dhún Richmond. Trí bhreathnú thart ar na timpeallachtaí sin le saineolaithe áitiúla agus trí theagmháil le staraithe gairmiúla, d'fhorbair rannpháirtithe scileanna oibre na staraithe. Spreagadh rannpháirtithe chun smaoineamh faoin dóigh is fearr a bhféadfadh siad páistí a ghríosú chun smaoineamh grinn a dhéanamh, foinsí fianaise a mheas agus dearcadh a fhorbairt, agus na scileanna thuas a úsáid chun a gcuid smaointe agus breithiúnas a phlé. In Aibreán 2020 dearadh cúrsa cumaisc eile dar teideal *D'oidhreacht áitiúil a fhiosrú ag tosú leis an reilig* agus d'fhaomh ROS é le rith le haghaidh na gcéad trí samhradh eile. Tá an caidreamh nuálach sin idir na trí institiúid chomhpháirtíochta fós ag fás agus go leor torthaí dearfacha ann do na comhpháirtithe rannpháirteacha uile.

## Barkollage (Colláis Choirte)



Is taispeántas iontach de ghrianghraif é Barkollage leis na buachaillí ó rang 5 an Uasail Ryan ag Scoil Buachaillí Náisiúnta an Chroí Naofa, Baile Gall, agus bhí sé ar taispeáint ar fud champas Marino i mí an Mhárta, 2020. Cothaíodh Barkollage nuair a d'iarr Jim Ryan ar a rang chun grianghraif a ghlacadh de na crainn i bhfearann na scoile dá gcuid, agus bhain na buachaillí leas as an deis chun tír na n-iontas amhairc a chruthú (gan eagarthóireacht ná scagairí) a bhí lán de shamhlaíocht agus de chruthaitheacht. Seoladh an taispeántas ag imeacht speisialta ag Marino Dé Luain an 2 Márta 2020, agus chuir an Dr Teresa O'Doherty fáilte roimh na buachaillí, roimh a dtuismitheoirí agus roimh a múinteoirí chuig an Institiúid, agus roimh aíonna an-speisialta ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, ó Chomhairle Crann na hÉireann agus ó Gharraithe Náisiúnta na Lus. Chaith na buachaillí an lá iomlán ar an gcampas, agus aithne á cur acu ar ár gcrainn féin agus ar an bhfiadhúlra ina chónaí ansin leis an Dr Sandra Austin, agus iad ag foghlaim go leor leideanna ceamara lenár ngrianghrafadóir an-eolach Martin Lynch, agus ag cuidiú le Ciarán Fogarty agus leis an bhfoireann dá chuid an taispeántas a ullmhú.

## Tá mo Bhunscoil ag an Músaem



Dearadh 'Tá mo Bhunscoil ag an Músaem' (MPSM) chun an hipitéis a thástáil go bhféadfadh torthaí foghlama, sóisialta agus cultúrtha tairbhiúla a bheith ann do pháistí bunscoile agus dá dteaghlaigh nuair a fhaigheann siad a gcuid oideachais lánaimseartha i suíomh Músaeim, mar aon le tairbhí do mhúsaeim agus d'institiúidí cultúrtha eile. Is í an t-ailtire Wendy James a smaoinigh ar an gcoincheap, i gcomhar leis an Institiúid Chultúrtha ag Coláiste an Rí, Londain. Le MPSM tógtar ranganna scoile go díreach isteach i músaeim do chlár laethúil a gceachtanna, agus lónta agus sosanna san áireamh, agus cuirtear eispéireas ar fáil dóibh atá difriúil go bunúsach ó na gnáthchuairteanna ócáideacha ar mhúsaeim. Bhí roinnt treoirthionscadal sa RA thar a bheith rathúil, agus leantar le leathnú an tionscadail. Forbraíodh líonra de chomhpháirtíochtaí taighde freisin lena n-áirítear an tIonad um Thaighde ar Luathóige, Birmingham, agus Ollscoil Oxford-Brookes, Ollscoil Bergen agus Músaem Ollscoile an Chultúir, san Iorua.

Ar an 11 Deireadh Fómhair d'eagraigh an Dr Sandra Austin lá faisnéise agus líonraithe ag Institiúid Oideachais Marino, do phríomhoidí, don lucht ceaptha beartas agus do ghairmithe oideachais ó mhúsaeim, ó ghailearaithe, ó ghairdíní agus ó institiúidí oideachais ó ar fud oileán na hÉireann. Áiríodh leis an lá eochairaitheasc ó bhunaitheoir MPSM Wendy James, comh-dhíospóireachtaí, agus comhráite Skype le múinteoirí MPSM agus le hoideoirí músaeim sa RA. Cuireadh roinnt comhpháirtíochtaí músaeim-scoile ar bun ó shin, agus tá an líonra Éireannach á chomhordú ag an Dr Austin.

## Storytime



Bhí an 20ú leagan den *Tionscadal Am Scéalaíochta* nó Storytime mar is fearr aithne air, ar siúl ag IOM an 4 Márta 2020, agus ba rud iontach é go raibh seacht leabhar Ama Scéalaíochta ag an 32 theaghlach a ghlac páirt sa cheardlann ionduchtúcháin don *Tionscadal Am Scéalaíochta* sa bhailte dá gcuid chun iad a léamh dá bpáistí. Cuireadh tús leis an *Tionscadal Am Scéalaíochta* i mBaile Átha Cliath Thuaidh in 2009 agus is toradh é ar chomhoibriú idir Institiúid Oideachais Marino, grúpa Comhpháirtíochta Thuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath. Glacann páistí ó shuíomhanna luathóige agus naíonáin shóisearacha i mbunscoileanna páirt sa tionscadal in éineacht lena dtuismitheoirí thar thréimhse chúig seachtaine.

Tugann comhordaitheoirí teagmhála baile is scoile agus oideoirí luathóige i gceantar Chomhpháirtíocht Thuaisceart na Cathrach tacaíocht do thuismitheoirí le linn an tionscadail. Rinne scoileanna, leabharlanna agus grúpaí pobail ar fud na hÉireann samhail *Am Scéalaíochta* a mhacasamhlú.

# TIONSCADAIL

## Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha

Leis an Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha déantar iarracht rannpháirtíocht múinteoirí imirceacha a mhéadú in earnálacha bunoideachais agus iar-bhunoideachais na hÉireann. Maoiníonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tionscadal tríd an gCiste um Thearmann, Imirce agus Imeascadh, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Mar chuid den tionscadal, forbraíodh Nasc-Chlár do Mhúinteoirí Imirceacha arna nOiliúint ar Bhonn Idirnáisiúnta (IIETanna). Tríd an gclár páirt-aimseartha sin tacaítear le múinteoirí as chúlraí imirceacha a bhfuil cáilíochtaí múinteoireachta idirnáisiúnta acu, agus atá ina gcónaí anois in Éirinn, chun foghlaim faoi oideachas, faoi churaclam agus faoi struchtúir na hÉireann, d'fhonn cuidiú leo fostaíocht a aimsiú i scoileanna in Éirinn. I mbliana bhí an dara Nasc-Chlár ar siúl ó Shamhain 2019 go Meitheamh 2020. Dearadh agus seachadadh an clár go rathúil in ainneoin roinnt athruithe ar mhodh an tseachadta mar gheall ar shrianta COVID-19, agus rinne NCCA agus na trí cheardchumann múinteoirí uile láithreoireachtaí. Áiríodh leis an gclár óstáil rathúil agallamh bréige ar Zoom, arna héascú ag painéal comhdhéanta de phríomhoidí scoile agus de bhaill ar bhoird scoileanna. D'ainneoin na srianta, chríochnaigh 39 múinteoir ó 23 thír an clár. Sa bhreis air sin, tionóladh dhá chruinniú Líonra IIET do bheagnach 150 múinteoir ó níos mó ná 30 tír. I Mí Eanáir 2020 chuir an Tionscadal um Mhúinteoirí Imirceacha fáilte roimh an Dr Garret Campbell mar Bhainisteoir an Tionscadail, agus é i gcuideachta leis an Dr Rory McDaid mar Chomhordaitheoir an Tionscadail, agus guíodh rath ar an Dr Emer Nowlan freisin agus í ag glacadh leis an bpost nua dá cuid mar POF Ag Foghlaim le Chéile.



## Tobar




Tá an tionscadal Tobar fós ag dul ó neart go neart agus an aidhm aige rannpháirtíocht Thaistealaithe na hÉireann i gcláir Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (ITE) a mhéadú. Ag deireadh na dara bliana iomláine dá ghníomhaíocht, 2019-2020, bhí an tionscadal tar éis tacaíocht a thabhairt do thriúr mac léinn chun páirt a ghlacadh i gcláir ITE ar leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile. Is í Miriam Colum, ó Roinn na hIonchuimsitheachta, an Oideachais Reiligiúnaigh, agus Shaol na Mac Léinn, Comhordaitheoir Tobar. Tá Tobar ag obair le roinnt mac léinn a bhfuil mar aidhm acu páirt a ghlacadh i gcláir san oideachas tosaigh do mhúinteoirí in 2020-2021. Mar aitheantas d'obair na hInstitiúide maidir le mic léinn ó phobal na dTaistealaithe a ionchuimsiú in ITE, cuireadh fáilte roimh an Dr Teresa O'Doherty chun labhairt le Coiste an Oireachtais an 26 Samhain. Seoladh Plean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Rannpháirtíocht Taistealaithe in Ardoideachas a Mhéadú 2019-2021 an 26 Samhain, agus moladh ar leith ann do thionscadal Tobar de chuid na hInstitiúide (lch. 9).

## Oideachas Éamoinn de Rís Thar Teorainneacha




Tá clár Ceannaireachta Ar Líne Oideachas Éamoinn de Rís Thar Teorainneacha (EREBB) ag rith go fóill gach seimeastar, agus rannpháirtithe á dtarraingt ó scoileanna agus ó mhinistreachtaí Éamoinn de Rís ar fud an domhain. Leis an gclár cuirtear na nithe a leanas ar fáil do rannpháirtithe: buntreoir maidir le stair agus oidhreacht Éamoinn de Rís agus na mBráithre Críostaí; modúl maidir leis na luachanna ag croílár Oideachas Éamoinn de Rís; deis chun machnamh a dhéanamh ar bhrí na Ceannaireachta Spioradúla mar aon le modúl praiticiúil maidir le Ceartas Sóisialta, Abhcóideacht agus Cearta an duine. Sna fóraim díospóireachta atá leabaithe mar chuid den chlár ligtear do rannpháirtithe dea-chleachtas a chomhroinnt agus teagmhálacha a fhorbairt le comhghleacaithe ar fud an domhain. Bhí an Dr Aiveen Mullally agus an Dr Teresa O'Doherty chun freastal ar an 2ú Comhdháil EREBB Idirnáisiúnta in Cape Town i mBealtaine 2020 ach cuireadh í sin ar ceal mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda. Tugadh cuireadh don Dr Aiveen Mullally chun dul ar thascfhórsa um Fhreagairt Oideachais Domhanda do COVID-19 chun tacú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le ceannairí leanúint le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar do chách le linn na tréimhse dhúshlánach seo. Soláthraíodh acmhainní, naisc agus seimineáir ghréasáin agus fócas ar leith ar dhaoine óga leochaileacha agus orthu siúd i dtíortha i mbéal forbartha. Le haghaidh tuilleadh faisnéis a fháil, féach see **www.erebb.org**

# TIONSCADAIL

## Tionscadal EDUCATE

Críochnaíodh tionscadal Erasmus+ dar teideal “EDUCATE” i Márta 2020 ina raibh IOM ina comhpháirtí. Bhí cruinniú idirnáisiúnta sa Chipir chun torthaí an tionscadail a scaipeadh in ainm a bheith ina bhuaicphointe den tionscadal ach ina ionad sin tionóladh cruinniú ar líne a bhí gearrtha siar. Cé gur thosaigh an phaindéim díreach roimh dheireadh an tionscadail 31 mhí, tharla an t-imeacht scaipthe in Éirinn de réir mar a bhí sceidealaithe an 13 Feabhra 2020. Fuair lucht freastail de níos mó ná 50 duine amach faoi phríomhthorthaí agus faoi ábhair ón staidéar agus chomhroinn múinteoirí áirithe a gcuid eispéireas de pháirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil a bhain leis an tionscadal. Is giorrúchán é EDUCATE de ‘Enhancing Differentiated Instruction and Cognitive Activation in Mathematics Lessons by Supporting Teacher Learning’ (Teagasc Difreáilte agus Gníomhaíochtú Cognaíoch a Thacú i gCeachtanna Matamaitice trí Thacú le Foghlaim Múinteoirí) agus bhí taighdeoirí ón gCipir, ó Éirinn, ón nGréig agus ón bPortaingéil rannpháirteach ann. Áiríodh leis an bhfoireann taighde ó Éirinn baill foirne ó IOM, an Dr Seán Delaney, an Dr Anne Marie Gurhy agus Damien Burke; an Dr Mark Prendergast ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus múinteoirí Ann Concarr agus Paul Timmins ó scoileanna áitiúla.

Tá ábhair a cruthaíodh mar chuid den tionscadal le fáil anseo: **http://educate-platform.com/**.




## Tionscadal THRIECE

Ba chomhpháirtíocht uathúil idir Éire, an Pholainn agus an Phortaingéil an tionscadal THRIECE (‘Teaching for Holistic, Relational and Inclusive Early Childhood Education’ - Teagasc le haghaidh Oideachas na Luathóige atá Iomlánaíoch, Caidreamhach agus Ionchuimsitheach) arna chomhordú ag IOM lenar moladh dearcadh malartach ar cháilíocht i in Oideachas agus Cúram na Luathóige (ECCE) lena dtacaítear le hionchuimsiú trí aitheantas a thabhairt do nádúr ríthábhachtach caidreamh agus idirghníomhaíochtaí. Críochnaíodh THRIECE, arna mhaoiniú ag Erasmus+ ó 2017 go 2020, go rathúil i mBealtaine 2020. Mar thoradh ar an tionscadal táirgeadh trí mhodúl oiliúna ar líne atá ar fáil i mBéarla, i bPolainnis agus i bPortaingéilis. Tá na modúil le fáil saor ina aisce agus is féidir iad a úsáid ina n-aonar nó i gcomhar le chéile maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach d’Oideoirí na Luathóige agus do Mhúinteoirí Bunscoile go hidirnáisiúnta. Mar chuid den tionscadal óstáladh comhdháil idirnáisiúnta maidir leis *an Páiste a Chur ag Croílár na Cáilíochta in Oideachas Luathóige agus i mBunoideachas*, i gCeatharlach i Eanáir 2020. D’fhreastail níos mó ná 160 duine ar an gcomhdháil.

Chun na modúil a rochtain, féach ar **www.thriece.eu**





# IS ÉARD ATÁ SAN OIDEACHAS NÁ **TINE A LASADH**

# SAOL NA MAC LÉINN

## Ceardlann um Thoiliú

Don dara bliain i ndiaidh a chéile tháinig foireann agus mic léinn IOM le chéile chun páirt a ghlacadh in oiliúint um Thoiliú Gnéis arna héascú ag Seirbhís Chomhairleoireachta Choláiste na Tríonóide. Chaith an grúpa de sheachtar ball foirne agus ochtar mac léinn iarnóin na hAoine an 18 Deireadh Fómhair ag fiosrú agus ag foghlaim maidir le gnéithe uile an toilithe agus conas an seisiún oiliúna sin a chur ar fáil do mhic léinn uile na chéad bliana. Ceapadh an cheardlann chun feasacht a ardú agus comhrá a chruthú maidir le toiliú. Chuaigh na mic léinn agus na baill foirne ina mbeirteanna agus sheachaid siad an cheardlann go rathúil do mhic léinn uile na chéad bliana an tseachtain dar gcionn.



## Oiliúint um Chéad Fhreagróir

Ba rud nua í Oiliúint um Chéad Fhreagróir do IOM i mbliana agus ghlac 12 ball foirne páirt i gceardlanna oiliúna le haghaidh trí huaire Dé hAoine an 27 Meán Fómhair. Ba é aidhm na hoiliúna sin chun tacú le baill na foirne a bhféadfaí daoine mí-iompar gnéis a nochtadh dóibh. Cabhraíonn an clár leo freagairt do mhic léinn atá i gcás anacra.



## Ceardlanna Tacaíochta do Mhic Léinn

Rinne Roinn um Fhoghlaim Mac Léinn Choláiste na Tríonóide roinnt ceardlann rathúil a éascú a bhí ar siúl i rith na bliana. Ba iad dhá chinn de na ceardlanna ar glacadh go maith leo an cheardlann um Fhéinchúram Réamh-Shocrúcháin a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair do mhic léinn PME agus arís eile i Feabhra do mhic léinn fochéime. I Samhain 2019 d'fhreastail níos mó ná 60 mac léinn ar cheardlann maidir le tráchtas a scríobh agus fuarthas aiseolas an-dearfach ina leith agus moladh go hard í. Áiríodh na ceardlanna a leanas le ceardlanna eile: Ag Déileáil le Strus; Bainistíocht Ama; agus Córas Tagartha APA.



## Seirbhísí Míchumais, Comhairleoireachta agus Sláinte

Leanadh le tacaíochtaí a sholáthar do mhic léinn trí chomhaontuithe seirbhíse le Seirbhís Mhíchumas Choláiste na Tríonóide, leis an tSeirbhís Chomhairleoireachta agus le hIonad Míochaine Fairview. Leis na tacaíochtaí sin comhlánaíodh an córas teagascóra agus an tseirbhís séiplíneachta a chuirtear ar fáil ag foireann intí.

Ba í Sandra Carroll an comhairleoir ar champas a bhí ar fáil le buaileadh le mic léinn ar champas IOM lá amháin in aghaidh na seachtaine. Bhí mic léinn in ann freastal ar sheisiún comhairleoireachta i spás comhairleoireachta Choláiste na Tríonóide ar Shráid Nassau ar laethanta eile i rith na seachtaine. Bogadh go leor de na tacaíochtaí arna dtairiscint ag an tSeirbhís Chomhairleoireachta ar líne mar gheall ar an bpaindéim.



## Seachtain Folláine Marino

I mbliana d'óstáil Institiúid Oideachais Marino an tseachtain Folláine dá cuid i Feabhra 2020, agus áiríodh léi ócáid tiomsaithe airgid iontach do Theach Pieta agus d'Fhondúireacht Seán Cox. Ba chúis lúcháire í fáilte a chur roimh Sallyanne Clarke, a labhair faoin ngá le baint an stiogma in Éirinn a bhain le básanna trí fhéinmharú. Bogadh croíthe go leor daoine a bhí ann lena léargas le linn na cainte cumhachtaí sin ar an gcumhacht a bhaineann le dialann a choinneáil mar shásra chun déileáil le deacrachtaí tar éis fhéinmharú a mic féin. Tar éis sin, mhol Daniel Davey, saineolaí cothúcháin spóirt le Rugbaí Laighean agus CLG Bhaile Átha Cliath, agus údar an leabhair an-éilimh *Eat Up Raise Your Game*, focail Sallyanne agus é ag plé cumhacht an chothúcháin agus bia shláintiúil ar an meon agus ar an gcoirp. Agus bia sláintiúil agus gluaiseacht rialta á gcur chun cinn aige, tharraing Daniel aird an lucht éisteachta lena chur chuige simplí agus réalaíoch maidir le bia. Rinne Kinetica Sports agus Glenisk urraíocht ar an imeacht, agus cuireadh siamsaíocht ar fáil dóibh siúd i láthair le léirithe bailchríche oscailte ag cumann damhsa agus ceoil i Marino, agus iad go léir dírithe ar mheabhairshláinte agus ar fholláine dhearfach. Ar deireadh thiar ba é an tOifigeach um Leas na Mac Léinn, Aisling O'Sullivan, a bhí ina ceann feadhna ar imeacht arna thacú ag Aontas Mac Léinn IOM, ag an Dr Suzy Macken agus ag an Oifigeach um Chomhpháirteachas Mac Léinn, Robbie Irwin, agus oíche iontach ann do chách. Ghabh an Dr Teresa O'Doherty buíochas lenár n-aíonna agus le gach duine a bhí i láthair, agus meas an lucht féachana á léiriú aici ar fhocail chumhachtacha agus teachtaireachtaí ár n-aoichainteoirí.






# SAOL NA MAC LÉINN

## Nuashonrú CLG

Cluichí Gaelacha: Tá Peil, Iomáint, Peil na mBan agus Camógaíocht fós ina gcuid dhílis de shaol na mac léinn in Institiúid Oideachais Marino. Tá éileamh ollmhór ann i measc na mac léinn ar imirt spóirt agus ar ionadaíocht a dhéanamh don Institiúid i gcomórtais Ardoideachais. Ar an bpáirc imeartha ba bhliain iontach í agus d'éirigh go han-mhaith linn. D'éirigh go maith lenár bpeileadóiri sa tsraith agus painéal 44 imreoir acu agus bhain siad an Cluiche Leath-Cheannais amach ach buaileadh iad sa Chraobhchomórtas agus gan ach cúilín amháin sa difear. Is foireann óg í sin agus tarraingítear na himreoirí ó Bhlianta 1 agus 2. D'imir ár n-iománaithe na cluichí uile dá gcuid ach theip orthu i gcomparáid lenár n-ardchaighdeáin i mblianta roimhe seo. Cuireadh bac orainn le heaspa neamhghnách iománaithe nua - gan ach beirt - sa bhliain acadúil reatha.

Téann Peil na mBan ó neart go neart fós i Marino. Bhí líon iomlán de 76 imreoir cláraithe. Ba í an chéad bhliain gur chuir Marino dhá fhoireann isteach agus iad ag dul in iomaíocht sa tSraith agus sa Chraobhchomórtas araon. Foireann thar a bheith iomaíoch a bhí sa chéad fhoireann ach níor bhain sí babhtaí díbeartha an Chraobhchomórtas amach agus í buailte faoi phointe amháin. Bhí an dara foireann dár gcuid ag streachailt uaireanta i roinnt cluichí ach d'imríomar ár gcluichí i gcónaí.

Ní mór tús áite a thabhairt dár bhfoireann camógaíochta i mbliana agus iad ina Seaimpíní na hÉireann den chéad uair riamh i stair an Choláiste agus Corn Uí Mhaolagáin buaite acu an 14 Feabhra 2020. Ba thoradh é sin ar chúig bliana de dhul chun cinn i bhforbairt na Camógaíochta i Marino. Cúig bliana ó shin níor chuireamar foireann isteach sa tSraith ná sa Chraobhchomórtas. Éireoidh go maith le Camógaíocht i Marino amach anseo, mar ní chaillfimid ach beirt imreoirí ónár bpainéal sa bhliain atá le teacht, 2020/21.





## Cispheil na mBan

Bhí mí-ádh ar fhoireann chispheil na mBan de chuid IOM gan dul níos faide ná na céimeanna grúpa sa tsraith i mbliana. Thug na mná taispeántais mhaithe de scileanna agus d'obair chrua ag an oiliúint gach seachtain. Chruthaigh siad gurbh fhiú a gcuid oibre crua nuair d'imir siad i gcoinne TUD agus bhí bua gan stró acu. Cuireadh an cluiche deireanach ar ceal agus mar a tharla ba é sin an deis dheireanach don fhoireann seo cluiche a imirt mar gheall ar COVID-19.



## Club Oiliúna do Chódóirí

Sholáthair an Dr Alison Egan agus an Dr Ann Marie Gurhy Club Oiliúna do Chódóirí do mhic léinn B.Oid., a fuair Teastas críochnaithe ag deireadh a gcúrsa seacht seachtaine.

## Gradaim na Mac Léinn - Gradaim Spóirt agus Gradaim Eile na Mac Léinn




I mbliana bhí Searmanas Ghradaim na Mac Léinn (Gradaim Spóirt agus Gradaim Eile na Mac Léinn) ar siúl go fíorúil den chéad uair, searmanas a bhíonn ar siúl ar champas de ghnáth, agus bhí Bronnadh na nGradam ar siúl ar líne i Meitheamh. Tháinig níos mó ná 70 ball foirne agus mac léinn le chéile chun aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus díograis ár mac léinn uile le linn na bliana agus chun iad a cheiliúradh. Tugadh aitheantas speisialta d'imreoirí agus do chóitseálaithe éagsúla ónár bhfoirne spóirt uile agus do bhaill ar fud na gclubanna agus na gcumann uile dár gcuid. Fuair líon iomlán de 16 mac léinn aitheantas speisialta agus tá súil againn go mbeimid ina ann cuireadh a thabhairt dóibh teacht ar champas chun an ghnóthachtáil a cheiliúradh leo agus chun a ngradaim a bhronnadh orthu go foirmiúil.

# SAOL NA MAC LÉINN

## An Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Rannphháirtíocht Mac Léinn

Ceapadh an Dr Aimie Brennan mar ionadaí acadúil chun dul leis an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta um Rannphháirtíocht Mac Léinn a chuirtear de chúram air chun a chinntiú go gcomhlíonann an Clár Náisiúnta um Rannphháirtíocht Mac Léinn (NStEP) a chuspóir dá chuid de chultúr na chomhpháirtíochta a chur chun cinn idir mic léinn agus an fhoireann trí thionscadail bunaithe ar chleachtas, trí oiliúint, trí fhorbairt cumais agus trí fhorbairt beartais. Is tionscnamh comhpháirtíochta é NStEP arna fhorbairt ar bhonn comhpháirteach ag an Údarás Ardoideachais, ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, agus ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn. Seoladh an tionscnamh in 2016 agus áirítear leis 23 institiúid ar fud an Ardoideachais in Éirinn agus is é an aidhm atá aige rannphháirtíocht mac léinn i gcinnteoireacht a threisiú. I Meitheamh 2020, tugadh cuireadh don Dr Aimie Brennan dul le Foireann Creata um Rannphháirtíocht Mac Léinn NStEP agus mar thoradh ar a cuid oibre foilseofar creat athbhreithnithe maidir le rannphháirtíocht mac léinn in Ardoideachas.

## Sparánachtaí 1916

Dhámh IOM ocht Sparánacht 1916 do Mhic Léinn in 2019-2020; is fiú na sparánachtaí sin €5,000 in aghaidh an mhic léinn do gach bliain dár gclár agus roghnaítear faighteoirí ó phobail faoi ghanníonadaíocht agus ó iontrálaithe sa choláiste den chéad ghlúin. Áirítear leid an déimeagrafaic sin tuismitheoirí aonair, mic léinn faoi mhíchumas, an Lucht Siúil in Éirinn, baill mionlach eitneach eile, agus dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn. Chun go mbronnadh sparánacht orthu, bhí sé riachtanach do na faighteoirí ardleibhéil ceannaireachta nó rannphháirtíochta ina bpobail a thaispeáint. Spreagtar na faighteoirí ar bhonn gníomhach chun na róil cheannaireachta dá gcuid a leathnú agus iad a chur i bhfeidhm maidir le saol ar an gcampas trí obair dheonach, trí ghníomhaíochas sa phobal, trí rannphháirtíocht i dtionscadail agus trí mheantóireacht piaraí. D'óstáil IOM tráthnóna scoláireachtaí d'fhaighteoirí Scoláireachtaí na Sparánachtaí 1916 agus Scoláireacht George Moore i Feabhra. Ba é téama an tráthnóna cumhacht bhunathraitheach an oideachais. Labhair an tAire Stáit um Ghnóthaí Míchumais ag an am sin, Finian McGrath TD, leis na mic léinn agus lena dteaghlaigh a d'fhreastail ar an imeacht.



# *OS CIONN* **100 BLIAIN DEN IONCHUIMSITHEACHT** AGUS DEN BHARR **FEABHAIS** SAN **OIDEACHAS**

# NA HEALAÍONA AGUS CULTÚR

## Ealaíontóir Cónaithe

Ceapadh Mark Joyce ina amharc-ealaíontóir cónaithe ag IOM i Meán Fómhair 2018. Rinne Mark staidéar ar phéinteáil i gColáiste Ríoga na hEalaíne, Londain. Bhí taispeántais aonair aige freisin in Éirinn, sa RA agus i SAM, bhuaigh sé gradaim ó Chomhairle na Breataine, ó Iontaobhas Thomas Damman, agus comhaltas Georgette Chen in 2016. Tá a chuid saothar le fáil in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus i gComhairle Ealaíon na hÉireann. Ó cheapadh Mark, tá obair déanta aige le grúpaí éagsúla ar fud an champais ar dhóigheanna éagsúla agus samhlaíocha. Theagaisc sé ceardlanna le mic léinn thar chláir chéime uile IOM arna spreagadh ag a chleachtas ealaíon. In 2019/20 bhí roinnt tionscadal nua ann a bhain le *Matamaitic agus Ealaín* leis an Dr Anne Marie Gurhy, *Tras-seoladh Solais, Cruthú agus Gloine Dhaite* leis an Dr Clare Maloney, agus tar éis sraith díospóireachtaí leis an Dr Michael Flannery, forbraíodh dearadh éasca do mhúrphictiúr ar an Staighre Ealaíne agus coincheapa á n-úsáid arna dtarraingt ó shíceolaíocht, ón oideachas agus ó chruthaitheacht dhaonna, go speisialta smaoineamh Mihaly Csíkszentmihályi faoi “shaorshreabhadh”.







## An Ceol ag IOM

Ag Institiúid Oideachais Marino glacann mic léinn páirt i gceol agus i léiriú trí lear mór gníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla de réir mar a chomhlíonann siad riachtanas cúrsaí nó glacann siad páirt i ngníomhaíochtaí ceoil seach-churaclaim roghnacha.

Is príomhchomhpháirt é Oideachas Ceoil de na modúil Ealaíon/Ealaíon Comhtháite do mhic léinn a dhéanann céim an Bhaitsiléara san Oideachas, an chéim san Oideachas Luathóige, nó an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunoideachas). Sna cláir sin cuirtear béim ar rannpháirtíocht phraiticiúil agus chomhoibritheach de réir mar a fhorbraíonn mic léinn an smaointeoireacht oideolaíoch agus an saineolas um theagasc ceoil dá gcuid go discréideach agus i gcomhar le réimsí Ealaíon eile araon amhail Dráma, Damhsa agus na hAmharc-ealaíona. Is gné d’fhorbairt mhúnlaitheach na mac léinn mar oideoirí an cur chuige traschuraclaim sin agus is léir é i dtionscadail mheasúnaithe um theagasc agus foghlaim agus i léiriú agus in imeachtaí ealaíon ar feadh na bliana acadúla freisin.

Glactar páirt dhíograiseach i dtimpeallacht ceoil neamhfhoirmiúil bhríomhar ag Marino agus cuirtear chun cinn í ar an dóigh chéanna. Thug *Céilí House* de chuid RTÉ a chuairt bhliantúil ar IOM, agus thaifead siad clár go luath i Mí an Mhárta a craoladh ag deireadh seachtaine Fhéile Pádraig, agus ba shárthaispeántas é den tallann iontach de chuid na foirne agus na mac léinn araon. In 2019 bunaíodh Cór Pobail Marino, lena dtugtar tallann na foirne agus na mac léinn le chéile. Chan an Cór ag Seirbhís Charúl ag am lóin i Nollaig agus glacadh go han-mhaith leis. Lean Cór na Mac Léinn le teacht le chéile agus chuir siad ceolchoirmeacha ar fáil ag am lóin an 28 Samhain agus an 11 Nollaig.



Tarraingíonn Marino cohórt iontach de cheoltóirí cumasacha a dhéanann ionadaíocht don oiread seánraí ceoil go háirithe ó shaoil an phopcheoil agus an cheoil thraidisiúnta in Éirinn. Is dea-thuar é spreagadh agus forbairt a leithéid de thallann agus de chumais do thodhchaí an oideachais cheoil laistigh de scoileanna agus lasmuigh díobh araon.

## Ceoldráma Chumann Drámaíochta IOM

Rinne Cumann Drámaíochta IOM le tacaíocht ó Elaine Clotworthy an ceoldráma ‘Back to the 80s’ a léiriú agus a chur ar an stáitse i Feabhra 2020 ag The Axis, Baile Munna, thar dhá oíche. Ba é sin an chéad uair in IOM a rinne mic léinn aisteoirí a roghnú dá léiriú féin, agus é a stiúradh agus a léiriú chomh maith le príomhpháirteanna a ghlacadh ann. Bhí Gráinne Murphy agus Lucy O’Doherty ina gcinn feadhna ar an léiriú, mar stiúrthóir agus stiúrthóir ceoil faoi seach, agus Emer Doyle agus Orla Friel ag obair i ndlúthchomhar le chéile mar chóiréagrafaithe. Mar stiúrthóir, chuir Gráinne an script in oiriúint ionas go raibh sé suite i Marino sna 1980í, agus rinneadh go leor tagairtí áitiúla. Sa cheoldráma tháinig mic léinn le chéile ó chúrsaí agus ó bhliainghrúpaí uile, agus iad ag cleachtadh sna tráthnónta agus ag an deireadh seachtaine, agus cruthaíodh cairdeas mór eatarthu. Bhí na léirithe de chaighdeán thar a bheith ard amach is amach, agus ba shárthaispeántas iad den tallann in IOM, ar an stáitse agus ar chúl stáitse araon. Díoladh an amharclann amach ar an dá oíche, agus bunaithe ar rath ‘Back to the 80s’, tá sé beartaithe ag Cumann Drámaíochta Marino ceoldráma arna stiúradh ag mic léinn a chur ar siúl gach bliain.



# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE, MAOINIÚ & FOILSEACHÁIN

## STER - Taighde Oideachais le Mic Léinn agus Múinteoirí

Rinneadh an tionscadal Taighde Oideachais le Mic Léinn agus Múinteoirí (STER) a reáchtáil in Institiúid Oideachais Marino den chéad uair in 2019/2020. Is tionscadal comhpháirtíochta na foirne-na mac léinn arna bhunú agus arna chomhordú ag an Dr Aimie Brennan. Is é aidhm an tionscadail cultúr taighde a chruthú in oiliúint múinteoirí trí thaighde tráchtais mac léinn san oideachas a chomhroinnt trí chomhdhálacha, trí ríomh-irisleabhair agus trí phodchraoltaí. Leis an tionscadal cuirtear go gníomhach le cumas taighde na mac léinn a fhorbairt trí iad a spreagadh chun tionchar an taighde ar chleachtas a chur in iúl agus chun cur le timpeallachtaí atá saibhir ó thaobh taighde de ina ndéantar cleachtas a imscrúdú, ina dtugtar meas ar chomhoibriú, agus ina gcomhroinntear eolas nua. In 2019/2020, thoiligh foireann d'ochtar mac léinn ó na cláir BEd., PME, BEol i Léann an Oideachais, agus Oideachas na Luathóige le bheith ar fhoireann an tionscadail. Fuair siad oiliúint i bpiarmheasúnú agus ghlac siad le freagracht as an tríú himleabhar de ríomh-irisleabhar STER a léirmheas agus a chur in eagar. Rinne an Dr Aimie Brennan seimineár gréasáin a óstáil dar teideal 'Turning your Dissertation into a Research Article' (Do Thráchtas a Thiontú ina Alt Taighde) chun tacú le mic léinn fochéime agus iarchéime ailt thaighde a ullmhú don irisleabhar. Rinneadh naoi n-alt le mic léinn in Institiúid Oideachais Marino agus i gColáiste Mhuire gan Smál a ullmhú, a léirmheas agus a fhoilsiú. Clúdaíodh réimsí leis na hailt amhail curaclam agus pleanáil, scríbhneoireacht ag teacht chun cinn, riachtanais speisialta oideachais, ionchuimsitheacht agus nithe eile. Seoladh an tríú himleabhar de ríomh-irisleabhar STER ar líne an 14 Bealtaine 2020. Chun tacú le seoladh STER in IOM, cuireadh an ríomh-irisleabhar le taisclann dhigiteach TARA mar bhailiúchán nua agus dearadh réimse cuardaigh tiomnaithe ar leathanach baile leabharlann IOM chun inrochtaineacht do mhic léinn a uasmhéadú.

## Soláthar Maoinithe do Thaighde

Aithníonn an Institiúid an luach a bhaineann le gníomhaíocht taighde arna maoiniú go seachtrach a éagsúlú d'fhonn saineolas na foirne dá cuid a chomhlánú, a fheabhsú, agus tacú leo. Coimeádann an Institiúid cur chuige um thimthriall gníomhach de mhaoiniú tionscadal chun díriú ar mhaoiniú ábhartha agus é a aimsiú ar leibhéil náisiúnta, Eorpacha agus Idirnáisiúnta. In 2019-2020, bhí an Institiúid ina comhpháirtí i dtionscadail, i ndeontais agus i dtairiscintí de luach €10.1m. Choimeád an Institiúid an cuntas teiste láidir dá cuid maidir le rannpháirtíocht i dtionscadail Erasmus+, agus go háirithe bhí sí ina comhpháirtí lena céad tionscadal le Knowledge Alliance, mar atá Aistriú Eolais Oideachais, an chéad iarracht de chuid na hinstitiúide i ngníomhaíochtaí láraithe Erasmus+. Dearbhaíodh céad teagmháil na hInstitiúide le clár Fhís 2020 freisin trína rannpháirtíocht in dá Líonra Oiliúna Nuálaí Marie Skłodowska-Currie, SOLiDi agus SellSTEM. Leanann an Institiúid chun déanamh go maith maidir le tairiscintí idirnáisiúnta dírithe ar thaighde a bhuachan.



## Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe a Leabú agus a Chothú: Iolrachtaí fiosruithe a phlé in oiliúint tosaigh múinteoirí (ENEBLe)

Críochnaíodh an tionscadal ENEBLe go rathúil i Feabhra 2020. Cuireadh tús leis an tionscadal sin arna mhaoiniú ag SCoTENS i Meán Fómhair 2017, agus an aidhm ann staidéar a dhéanamh ar chur san áireamh agus tionchar na foghlama ar bhonn fiosraithe i gcláir oiliúna múinteoirí ar oileán na hÉireann. Agus an Dr Sandra Austin agus an Dr Karin Bacon ag IOM i gceannas uirthi, ba chomhpháirtíocht chomhoibritheach í sin idir ceathrar oideoirí múinteoirí thar thrí institiúid - IOM, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (an Dr Susan Pike) agus Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis (an Dr Richard Greenwood). Spreagadh an tionscadal ag fonn chomhroinnte ní amháin chun oideolaíochtaí um fhiosrú a shamhaltú ach chun iad a chuimsiú i dteagasc an taighdeora féin, nuair is iomchuí, ionas go ndéanfadh mic léinn na hoideolaíochtaí sin a eispéiriú ar leibhéil iolracha: mar chomhpháirt bhunúsach dá gcuid foghlama, mar atá samhaltaithe don seomra ranga, de réir mar a dhéantar iad a eispéiriú acu agus iad ag múineadh ar shocrúcháin scoile, agus ar dhóigheanna eile chomh maith. Cuireadh tuarascáil dheiridh maidir leis an tionscadal faoi bhráid SCoTENS agus foilseofar í níos déanaí i mbliana.



# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE, MAOINIÚ & FOILSEACHÁIN

## Taighde Féinstaidéir: Féidearthachtaí agus Gaistí a Imscrúdú maidir leis an Tionscadal um Chomhtháthú Ealaíon (PAINT)

D'éirigh leis an Dr Michael Flannery agus leis an Dr Máire Nuinseann ó Roinn na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais, agus na Luath-Óige i maoiniú SCoTENS a aimsiú chun tacú le tionscadal i gcomhar leis an Dr Frances Burgess agus Denise Elliott, Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste. Leis an tionscadal PAINT déanfar foghlaim thraschuraclaim a fhiosrú trí scrúdú a dhéanamh ar eispéiris, ar dheiseanna agus ar dhúshláin agus trína gcur i gcomparáid le chéile a bhaineann le healaíona comhtháite le múinteoirí bunscoile réamhsheirbhíse in ITE ó thuaidh agus ó theas ó thaobh na n-ealaíon ardchaighdeáin agus na foghlama comhtháite de. Sa bhreis air sin, déanfar scrúdú leis an tionscadal ar chomhpháirteanna chláir ITE um ealaíona comhtháite, agus cuirfear iad i gcomparáid le chéile, ó thaobh féin-éifeachtúlachta, nósanna cruthaitheacha agus féiniúlachta múinteoirí-cleachtóirí de.

## Feidhmchláir idirghníomhacha agus scríbhneoireacht insinte: Tionscadal um dhearcthaí páistí agus múinteoirí i mbunscoileanna i limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta (InAn)

Fuair an Dr Gene Mehigan i gcomhar le Jill Dunn, Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste, maoiniú SCoTENS do thionscadal InAN. Úsáidfear feidhmchlár Alexa Amazon 'An Doras Draíochta' le páistí bunscoile i scoileanna i limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta ionas go mbeidh siad in ann scéalta ó bhéal a chruthú i seánra síscéil. Leis an bhfeidhmchlár soláthraítear tacaíocht idirghníomhach do scéalaíocht agus ligtear do pháistí treo na scéalta dá gcuid agus gníomhaíochtaí na gcarachtar a roghnú. Bainfidh na páistí úsáid as na smaointe ó na scéalta ó bhéal sin arna gcruthú le chéile chun a gcuid síscéalta féin a scríobh.

## Aistriú Eolais Oideachasúil

D'éirigh leis an Dr Alison Egan in iarratas Erasmus+ mar chomhpháirtí i dtionscadal taighde €1m Aistriú Eolais Oideachasúil (**https://ektproject.eu/** ). Leis an tionscadal forbrófar cineálacha chur chuige nua, nuálacha agus ildisciplíneacha maidir le teagasc agus foghlaim, agus ligfear do chomhoibriú idir ollscoileanna agus gnólachtaí chun straitéis chuimsitheach um theicneolaíocht ríomhfhoghlama a fhorbairt a dhéanfar a shaincheapadh do riachtanais earnáil an oideachais. Chomh maith leis sin, leis an tionscadal ligfear do chomhpháirtíocht chomhoibritheach a fhorbairt idir ollscoileanna agus cuideachtaí lena gcuirtear cruthú comhpháirteach seirbhísí chun cinn bunaithe ar eolas eolaíochta agus ar aistriú eolais oideachasúil don chuideachta ríomhfhoghlama, agus ina sheal féin beidh tionchar aige sin maidir le seirbhís níos fearr d'institiúidí oideachasúla agus do ghairmithe oideachais. Faoi dheireadh, ba chóir go mbeadh sé ina thoradh ar an tionscadal go ndearfar córas solúbtha, cliste, ilúsáide agus idir-inoibritheach lena ligfear do dhinimic an chomhair a fheabhsú, féinfhoghlaim a rialáil, measúnú foirmitheach agus aiseolas a chur ar aghaidh chuig mic léinn i gcleachtas ar bhonn leanúnach.

## Tionscadal H2020 Dlúthpháirtíocht in Éagsúlacht (SOLiDi)

Is eagraíocht chomhpháirtíochta í IOM i Líonra Oiliúna Nuálaí Dlúthpháirtíocht in Éagsúlacht (SOLiDi) dar luach €4m arna mhaoiniú faoi Bheart ITN Marie Skłodowska-Curie Fhís 2020. Agus Ollscoil Antwerp sa Bheilg i gceannas, is comhpháirtí IOM le hobair Ollscoil Mhá Nuad, trí obair an Tionscadail um Mhúinteoirí Imirceacha. Beidh an Dr Rory McDaid (Comhordaitheoir Tionscadail MTP) agus an Dr Garret Campbell (Bainisteoir Tionscadail don MTP) araon rannpháirteach sa tionscadal sin. Is é Rory a dhéanfaidh rochtain do mhic léinn ar líonra múinteoirí a éascú, agus cuirfidh sé seisiúin ionduchtaithe ar fáil ar feadh fhad an tionscadail. Chomh maith leis sin, déanfaidh sé

maoirseacht chomhpháirteach sheachtrach ar mhac léinn PhD, agus glacfaidh Garret páirt i gcúrsaí agus i gceardlanna modheolaíochta arna dtairiscint tríd an Lárionad Oideachais Phoiblí agus Oideolaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad.

## Tionscadal H2020 Smaointeoireacht Spásúil i bhFoghlaim ETIM (SellSTEM)


Is eagraíocht chomhpháirtíochta í IOM i Líonra Oiliúna Nuálaí Dlúthpháirtíocht in Éagsúlacht (SOLiDi) arna mhaoiniú faoi Bheart ITN Marie Skłodowska-Curie Fhís 2020. Agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gceannas air, tá buiséad €4m ag an tionscadal sin. Is comhpháirtí í IOM le TUD, agus is í an Dr Teresa O'Doherty an priomh-thaighdeoir ó IOM. Déanfaidh IOM maoirseacht chomhpháirteach agus déanfaidh sí mac léinn dochtúireachta a óstáil a dhéanfaidh an modúl oiliúna múinteoirí a reáchtáil ar bhonn píolótach le múinteoirí réamhsheirbhíse. Trí SellSTEM cuirfear oiliúint ar ghlúin nua de thaighdeoirí na céime luaithe (ESR) chun smaointeoireacht úr a thabhairt don dá saincheist de rollú íseal agus éagothroime inscne in oideachas agus i ngairmeacha ETIM trí dhul i ngleic le heasnaimh in éirim spásúlachta i measc daoine óga ar fud na hEorpa.

## Comhairliúchán le páistí maidir le *Dréacht-Churaclam na Bunscoile*

I Mí an Mhárta 2020, d'éirigh le IOM i dtairiscint chun seirbhísí a sholáthar do NCCA chun dul i gcomhairle le páistí maidir le *Dréacht-Churaclam na Bunscoile*. Déanfaidh an fhoireann taighde ag IOM, an Dr Joan Kiely, an Dr Maja Haals Brosnan, an Dr Claire Dunne, an Dr Andrea Lynch agus Miriam Colum, cur chuige iomchuí a dhearadh le haghaidh sonraí a bhailiú ó pháistí ag céimeanna éagsúla a saolta, agus ó chultúir agus de chumais éagsúla.

## Oideachas Idirnáisiúnta

Dámhadh maoiniú don Dr Alison Egan chun léirbhreithniú a scríobh ar úsáid theicneolaíocht an oideachais i dtimpeallachtaí oideachasúla do Education International (An Bhruiséil) in 2019/2020. Bhí an taighde bunaithe ar an taighde a tháinig as a tráchtas PhD agus seolfar é i nDeireadh Fómhair 2020, sa Bhruiséil.



# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE, MAOINIÚ & FOILSEACHÁIN

## DEEPEN

Seo an dara bliain den tionscadal taighde DEEPEN, arna mhaoiniú ag An Chomhairle Mhúinteoireachta, lena ndéantar fiosrú ar eispéireas iarbhír Droichead, an próiseas ionduchtúcháin gairmiúil do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna in Éirinn. Tá fócas an taighde ar cheithre phríomh-shuíomh: scoileanna DEIS; Gaelscoileanna/ Scoileanna Gaeltachta; Scoileanna Beaga agus suíomhanna RSO. Is tionscadal comhpháirteach IOM/TCD an taighde, agus an Dr Julie Uí Choistealbha (IOM) agus an Dr Melanie Ní Dhuinn (TCD) i gceannas air. Cuirtear tacaíocht ar fáil dó ag an bhFoireann Chomhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta, ag comhairleoirí na Comhairle Múinteoireachta, ag cúntóirí taighde agus ag foireann de thaighdeoirí allamuigh ó ar fud IOM agus TCD. Rinneadh láithreoireacht ar cheapadh an taighde, dar teideal "'Insight and impact: Leading a research-focused professional learning network' (Léargas agus tionchar: Líonra foghlama gairmiúil dírithe ar thaighde a threorú) ag comhdháil 2019 SCoTENS. Ba é an chéad chéim den tionscadal Léirbhreithniú Córasach ar an Litríocht (SLR) maidir le hionduchtú múinteoirí. Is é an dara céim den tionscadal ceistneoir ar líne chuig scoileanna Droichead uile. De mhí-ádh, mar gheall ar COVID-19, níorbh fhéidir an ceistneoir a eisiúint chuig scoileanna i Márta 2020 de réir mar a bhí beartaithe ach déanfar é a eisiúint chuig scoileanna uile ag deireadh 2020. Cruthaíodh leathanach gréasáin nua don tionscadal (**www.mie.ie/deepen**) lena gcuirtear torthaí taighde an tionscadail chuige seo i láthair, lena n-áirítear bunachar sonraí den litríocht phríomhúil maidir leis an ábhar de mhúinteoirí a ionduchtú.

## Measúnú ar Better Start/Tús Níos Fearr agus fócas ar leith ar Sheirbhís Forbartha Cáilíochta (QDS) Náisiúnta um Luathóige de chuid Tús Níos Fearr

I Mí Iúil 2020, bhí IOM ina comhpháirtí i dtairiscint rathúil ar sheirbhísí ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun measúnú a dhéanamh ar Better Start/Tús Níos Fearr agus fócas ar leith ar Sheirbhís Forbartha Cáilíochta (QDS) Náisiúnta um Luathóige de chuid Better Start/Tús Níos Fearr. Is é an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha an phríomhpháirtí sa tionscadal, agus ionadaíocht á déanamh do IOM ag an Dr Maja Haals Brosnan agus ag Rhona McGinn.

## T-Rex

Bhí an Dr Alison Egan i gceannas ar chur i bhfeidhm T-Rex in IOM le linn 2019/20. Dámhadh maoiniú do bheirt léachtóirí (an Dr Julie Uí Choistealbha agus Rhona McGinn) trí Chreat Nuála Modúl (MIF) T-Rex, d'fhonn úsáid T-Rex a leabú ina modúil ar chláir an i BEol i Léann an Oideachais agus in Oideachas na Luathóige. Athraíodh lógó, branda agus láithreán gréasáin T-Rex in 2019/2020 chun riachtanais bhreise na hearnála a léiriú bunaithe ar aiseolas ó rannpháirtíocht an tionscadail i gcuibhreannas na Comhairle Múinteoireachta agus 'Research Alive'.

## Uimhreas i Ranganna Bunscoile Sinsearacha


Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) an Dr Seán Delaney chun sintéis a ullmhú ar thaighde le déanaí ar ábhar an uimhris i ranganna sinsearacha i mbunscoileanna. Ba é cuspóir an choimisiúin dearadh churaclam bunscoile athbhreithnithe na matamaitice a threorú. Foilsíodh an tuarascáil ar láithreán gréasáin NCCA i Meitheamh 2020

**(féach https://ncca.ie/media/4622/primary_maths_ research_number_seniorclasses.pdf).**



## *Challenging Perceptions of Africa in Schools - Critical Approaches to Global Justice Education*

Bhí an Dr Barbara O'Toole, Roinn na hÉagsúlachta Domhanda, na hInbhuanaitheachta, agus an Oideachais Idirchultúrtha, ina comh-údar in éineacht le Ebun Joseph agus David Nyaluke ar '*Challenging perceptions of Africa in schools – Critical approaches to global justice education*' arna fhoilsiú ag Routledge i Eanáir 2020. Sa leabhar sin ceistítear an dioscúrsa oideachasúil maidir le teagasc faoin Afraic ar leibhéil uile an chórais oideachais sa Tuaisceart Domhanda, agus béim ar leith i gcás-staidéar sainiúil ar Phoblacht na hÉireann. Beidh spéis ag acadóirí, ag taighdeoirí agus ag mic léinn iarchéime i réimsí an oideachais agus oiliúna múinteoirí. Chuir an Dr Sandra Austin caibidil leis maidir le 'Translating Critical Thinking into Meaningful Action' (Smaointeoireacht Chriticiúil a Aistriú ina Beart Fiúntach). Chuir ceathrar céimithe MES san Oideachas Idirchultúrtha de chuid IOM, Elaine Haverty, Paula Murphy, Laura O'Shaughnessy agus Lisa-Maria Whiston, caibidil leis 'Teachers' Experiences of Global Justice Education through the Lens of Trade' (Eispéiris Múinteoirí ar Oideachas um Cheartas Domhanda trí Lionsa na Trádála)'.




## *Paidreacha Eocairisteacha*

Sa bhliain 2020, d'fhoilsigh Foilseacháin Veritas *Paidreacha Eocairisteacha le hAghaidh Aifreann le Páistí* i nGaeilge den chéad uair. Is toradh é an t-aistriúchán ar chomhpháirtíocht idir teangeolaithe, diagairí, cainteoirí dúchais agus ceoltóirí in Éirinn agus sa Róimh. Ba é an tOllamh Cathal Ó Háinle, Coláiste na Tríonóide, a rinne an bunaistriúchán agus ba é *Coiste Comhairleach na nEaspag Caitliceach um an Liotúirge i nGaeilge* a rinne é a mheas agus a chur in eagar faoi stiúradh an Dr Marie Whelton, Roinn na Gaeilge, IOM, Cathaoirleach an choiste chomhairligh sin.



# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE, MAOINIÚ & FOILSEACHÁIN

## *Linguistic Variation and Social Practices of Normative Masculinity Authority and Multifunctional Humour in a Dublin Sports Club le Fergus O'Dwyer arna fhoilsiú ag Routledge.*




Iniúchann an leabhar seo na bealaí ina mbíonn eagsúlacht teangeolaíochta agus cleachtais chasta shóisialta ag idirghníomhú lena chéile, agus an chaoi a gcuireann an t-idirghníomhú seo le féiniúlachtaí idirghníomhaithe fear i gclub spóirt i mBaile Átha Cliath. Léiríonn an taighde seo na deiseanna a chuirtear ar fáil maidir le staidéar a dhéanamh ar chomhthéacsanna spóirt chun cur le teoiric na sochtheangeolaíochta.

Glactar le cur chuige eitneagrafach rannpháirtithe-eolach sa leabhar seo, agus iniúchtar na comhthéacsanna sóisialta idirghníomhaithe laistigh den chlub mar aon leis na gnéithe sochphragmatacha agus sochfhoghraíochta, réimsí a chuireann leis na léirithe éagsúla ar fhireannacht laistigh den chlub agus lasmuigh de. Díríonn an t-imleabhar seo ach go háirithe ar anailís theangeolaíoch ar chúrsaí grinn, agus ar an úsáid ilfheidhmeach a bhaintear as an ngreann chun dlúthpháirtíocht agus ceangail shóisialta a bhunú, ach freisin chun ionsaíocht, iomaíocht, agus stádas a bhunú laistigh de dhomhan sóisialta an chlub seo, agus clubanna cosúil leis seo fud fad na hÉireann.

Cuirfidh mic léinn iarchéime agus scoláirí a dhéanann staidéar ar na réimsí seo a leana spéis sa saothar seos: an tsochtheangeolaíocht, teanga, inscne, cúrsaí collaíochta, agus cúrsaí teanga agus féiniúlachta.

## *Cainteoirí Gaeilge agus Scolaíocht sa Ghaeltacht*

Sheol an Dr Harold Hislop *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht, 1900 to the Present* (Palgrave Macmillan, 2019) agus an tOllamh Tom O'Donoghue agus an Dr Teresa O'Doherty ina gcomh-údair air. Tá téacs iomlán aitheasc an Dr Hislop ar fáil ag: **https://www.education.ie/en/Press-Events/Speeches/2020-speeches/SP2020-01-21.html.**

Ainmníodh *Irish Speakers and Schooling in the Gaeltacht* do Dhuais mór le rá Anne Bloomfield. Is duais Chumann Stair an Oideachais de chuid an RA an duais don leabhar is fearr i mBéarla maidir le stair an oideachais arna scríobh idir 2017 agus 2019.





# *AN CUMAS ATÁ AG* AN **OIDEACHAS CUR LEIS AN SAOL** AGUS **CLAOCHLÚ A SPREAGADH**

# BRONNADH NA gCÉIMEANNA AGUS GRADAIM

**Leis an searmanas bronnta ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Bronnadh na gCéimeanna ar an 2 agus 3 Nollaig ceiliúradh imeacht tábhachtach i bhféilire na hInstitiúide, is é sin gnóthachtálacha na mac léinn dár gcuid a cheiliúradh agus aitheantas a thabhairt dóibh. Chuir IOM 231 mhac léinn Baitsiléara agus Máistreachta i láthair le haghaidh bronnta ar feadh an dá lá sin i gColáiste na Tríonóide, agus bronnadh Dioplómaí ar 98 gcéimí eile ag searmanas arna thionól i gColáiste na Tríonóide an 30 Eanáir.**

**Tionóladh searmanas bronnta gradam do mhic léinn ar an gcéim Bhaitsiléara ar an láithreán an 2 Nollaig, agus bronnadh roinnt gradam ar mhic léinn IOM.**

Bronnann an Roinn Oideachais agus Scileanna an **Gradam Carlisle agus Blake** ar an mac léinn a fhaigheann an marc is airde san oideachas agus ar an socrúchán scoile le chéile ag deireadh bhliain an tSofaistí Shinsearaigh. Ba é Cillian Rowney faighteoir 2019 ghradam Carlisle agus Blake.

Bronnann Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) **Bonn Vere Foster** ar na mic léinn a fhaigheann na marcanna is airde ar shocrúchán scoile sna cláir BEd agus PME. Ba é Cillian Rowney faighteoir B.Oid. Bhonn Vere Foster in 2019. Ba é Hilary Conroy faighteoir PME Bhonn Vere Foster in 2019.

Bronntar **Gradam Éamoinn de Rís** ar na mic léinn a fhaigheann na marcanna is airde ar chlár an Léinn Oideachais. Ba iad faighteoirí ghradam Éamoinn de Rís in 2019 Emma Mai Roche agus Andrew Kiernan.

Bronntar an gradam, **An Chéad Áit sa Ghaeilge**, ar an mac léinn a fhaigheann an marc is airde sa Ghaeilge i Scrúduithe deireanacha an BEd sa Ghaeilge. In 2019 bronnadh an gradam ar Niamh Ní Fhainín.

Bronntar **Gradam na Gaeilge** ar na mic léinn a dhéanann an méid is mó chun úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den Institiúid. Bíonn an gradam ar oscailt do mhic léinn uile ar chláir fochéime agus iarchéime lánaimseartha. Ba iad faighteoirí comhpháirteacha Ghradam na Gaeilge in 2019 Aoife Watson agus Antoin Travers.

Le **Gradam na nEalaíon in Oideachas** tugtar aitheantas do cheannaireacht ionchasach sna healaíona san oideachas ó rannpháirtíocht leanúnach sna healaíona ag IOM, an fhorbairt chomhreathach ar chleachtas pearsanta na n-ealaíon nó eiseamláirí de bharr feabhais i staidéir nó i dtaighde a bhaineann leis na healaíona san oideachas ag IOM. Ba é Stephen Moore faighteoir an ghradaim in 2019.

In 2019, bronnadh **Gradam Nano Nagle**, lena dtugtar aitheantas don mhac léinn a fhaigheann an marc is airde foriomlán i gclár an BSc san Oideachas Luathóige, den chéad uair. Ba í Emily Parkinson faighteoir an gradaim.

## Gradaim do chéimithe

Bhí Gradaim do Chéimithe IOM ar siúl ag an am céanna le bronnadh na gcéimeanna. Tugadh aitheantas do Sinéad Burke (céimí B.Oid. agus faighteoir Bhonn/Ghradam Vere Foster 2012, a ceapadh chuig an gComhairle Stáit in 2019) agus do Feargal Brougham (a fuair céim i 1989, agus tofa mar Uachtarán INTO in 2019), beirt chéimithe a tharraing clú orthu féin mar cheannairí spreagúla ina réimsí, as an méid atá curtha acu le saol in Éirinn. Labhair Sinéad agus Feargal araon faoi conas is féidir saolta a athrú trí oideachas, faoi na dúshláin agus na deiseanna a d'eispéirigh siad tar éis dóibh a gcéimeanna a bhaint amach agus faoi na heispéiris dhearfacha ag IOM.










# A THOUGHTFUL & VIBRANT ENVIRONMENT









# PROMOTING INCLUSION & EXCELLENCE IN EDUCATION

# TIMPEALLACHT **SMAOINTEACH & SPLEODRACH**







## INA GCUIRTEAR IONCHUIMSITHEACHT & **BARR FEABHAIS** SAN OIDEACHAS CHUN CINN